ddletb

Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire

Dublin and Dún Laoghaire Education and Training Board

PLEAN BLIANTÚIL SEIRBHÍSE

2021

Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire

FOGHLAIM ÉACHT RATH

Arna fhaomhadh ag cruinniú den Choiste Airgeadais: 19 Feabhra 2021
Arna fhaomhadh ag cruinniú de Bhord an BOO: 23 Feabhra 2021

CLÁR NA NÁBHAR

1. Focal ó Chathaoirleach Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire 4

2. Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh 5

3. Próifíl/Cúlra Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire 6

Léarscáil Gheografach de Limistéar Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire 6

An Struchtúr Eagraíochtúil 8

4. Ráiteas Straitéise 10

Fís, Misean agus Spriocanna Straitéiseacha 10

Socruithe Cur Chun Feidhme agus Monatóireachta 11

Sreabhadh Oibre an Timthrialla Pleanála 13

5. Ráiteas Seirbhísí 2020 14

6. Forléargas ar Sheirbhísí 2021 32

Ráiteas na Seirbhísí – Scoileanna 32

Scoileanna Náisiúnta Pobail 32

Iar-Bhunscoileanna 32

Ráiteas na Seirbhísí – Earnáil Breisoideachais agus Oiliúna (BOaO) 35

Clár BOaO agus Tosaíochtaí Straitéiseacha do 2021 39

Ráiteas na Seirbhísí – Seirbhísí Óige 43

Ráiteas na Seirbhísí – Seirbhísí Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta 49

7. Fáltais agus Caiteachas Réamh-Mheasta 2021 54

Fáltais agus Caiteachais Réamh-mheasta 54

Caiteachas Réamh-Mheasta – Scoileanna agus Ceannoifig 55

Caiteachas Réamh-Mheasta – Breisoideachas agus Oiliúint 56

Aguisín A – Líon na nDaltaí 57

1 – Líon na nDaltaí i Scoileanna Náisiúnta Pobail 57

II – Líon na Scoláirí in Iar-Bhunscoileanna 58

III – Áiteanna Faofa i gColáistí Iar-Ardteistiméireachta 61

Aguisín B - Foirgnimh 63

IV – Tionscadail faoin gClár Tógála Scoileanna 63

V - Scéim Cóiríochta Breise na Roinne in BOOÁCDL 66

1. FOCAL Ó CHATHAOIRLEACH BHORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA ÁTHA CLIATH AGUS DHÚN LAOGHAIRE

Tugtar achoimre sa phlean seirbhíse seo ar an soláthar atá beartaithe i limistéar Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire i réimse leathan gníomhaíochtaí sna scoileanna, ionaid agus seirbhísí. Mar an Cathaoirleach, tá ríméad orm Plean Seirbhíse Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire, 2021 a chur i láthair.

Tá BOOÁCDL ar cheann de na Boird Oideachais agus Oiliúna is mó in Éirinn agus freastalaímid i gcónaí ar riachtanais ár gcuid scoláirí agus foghlaimeoirí, bíodh sé sin ar leibhéal na bunscoile, na hiar-bhunscoile nó an bhreisoideachais. Tá an BOO seo ag fás i bhformhór na réimsí gníomhaíochta, rud a léiríonn go mbíonn líon na bhfoghlaimeoirí a gcuirimid seirbhísí ar fáil dóibh ag méadú gach bliain. Cé go bhfuil dúshláin fós le sárú againn ó thaobh acmhainní de, creidim gur léiriú é an luach atá á chur ar fáil sna scoileanna agus sna hionaid ar an tsárobair atá á déanamh ag an bhfoireann. Tá cóiríocht nua agus cóiríocht uasghrádaithe á soláthar ar fud na trí limistéar comhairle, i.e. Dún Laoghaire-Ráth an Dúin, Áth Cliath Theas agus Fine Gall, faoin gclár tógála atá ag leanúint ar aghaidh. Tá tionscadail mhóra tógála á bpleanáil faoi láthair do roinnt suíomhanna. Cinnteoidh na tosaíochtaí atá le baint amach le himeacht 2021 fás leanúnach sna seirbhísí a sholáthraíonn BOOÁCDL agus, ag an am céanna, bealaí níos fearr dul chun cinn a chuirfidh an foghlaimeoir féin i gcroílár an tsoláthair.

Ba mhaith liom gach rath a ghuí ar an bhfoireann agus ar na foghlaimeoirí mar a théimid i gcomhar le chéile leis na tosaíochtaí atá leagtha amach sa phlean seo a bhaint amach. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo chomh maith as BOOÁCDL a chur chun cinn mar an tseirbhís is rogha le scoláirí, foghlaimeoirí agus páirtithe leasmhara.

Daneve Harris
Cathaoirleach

2. RÉAMHRÁ AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

Mar an Príomhfheidhmeannach, tá ríméad orm Plean Bliantúil Seirbhíse 2021 a chur i láthair thar ceann Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire. Plean tábhachtach é seo agus léiriú é ar eagraíocht a leanann uirthi ag dul i dtaithí ar chúrsaí, ag fás agus ag déanamh dul chun cinn d'fhonn freastal ar riachtanais ár bpobail, a bhíonn ag athrú de shíor. Mar eagraíocht, léiríomar athléimneacht, cruthaitheacht agus nuálaíocht iontach in 2020, rud a dhéanfaimid arís in 2021.

Is é is aidhm leis an bplean seo ná creat soiléir, struchtúrtha a leagan amach le bonn a chur faoi chur chun feidhme chuspóirí straitéiseacha agus oibríochta na heagraíochta in 2021. Tá leagtha amach sa chreat seo tosaíochtaí agus spriocanna a chinnteoidh go mbeidh ár gcuid seirbhísí idir dhírithe agus fhreagrúil. Tá cuspóirí tosaíochta leagtha síos ag gach stiúrthóireacht agus tá torthaí intomhaiste ar leith ag baint le gach ceann acu, rud a chinnteoidh go mbeidh ár gcuspóirí straitéiseacha á gcur chun cinn againn de réir mar atá leagtha amach inár Ráiteas Straitéise Cúig Bliana, 2017-2021. Is é ár misean straitéiseach ná "réimse leathan cláir, seirbhísí agus tacaíochtaí oideachais agus oiliúna a sholáthar do leanaí, do dhaoine óga agus do dhaoine fásta ar fud réigiún BOOÁCDL" agus, mar eagraíocht, táimid meáite ar shármhaitheas agus feabhas leanúnach a bhaint amach toisc gurb é ár bhfís ná "a bheith chun tosaigh go gníomhach in oideachas agus oiliúint ar ardchaighdeán a sholáthar" (Ráiteas Straitéise 2017 – 2021, lch. 9).

Faoi láthair faighimid buiséad foriomlán thart ar €240m, a úsáidimid le híoc as baill foirne agus seirbhísí i Scoileanna Náisiúnta Pobail, Iar-Bhunscoileanna, Coláistí Breisoideachais, Ionaid Oiliúna, Ionaid Ógtheagmhála, Seirbhísí Oideachais d'Aosaigh agus Seirbhísí don Óige. Déanaimid soláthar freisin do scoileanna ag Ionad Oideachais Bhaile an Oibricigh agus in Aonaid Sainchúraim, agus do Scoil Speisialta Phobail.

I bhfianaise an mhéadaithe atá tagtha ar rolluithe sna scoileanna, leanfaimid ar aghaidh le roinnt príomhthionscadail chaipitil tógála agus tá súil againn mórthionscadail a chur chun cinn in 2021 le cóiríocht bhreise a chur ar fáil do scoileanna in áiteanna a bhfuil ardriachtanais dhéimeagrafacha.

Thar ceann an BOO, is mian liom mo bhuíochas a ghabháil leis an bhfoireann go léir, a leanann orthu ag breith an bhairr agus ag cur seirbhís ghairmiúil ar fáil do gach a dtagann i dteagmháil leo.

Caitríona Murphy

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

3. PRÓIFÍL/CÚLRA BHORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA ÁTHA CLIATH AGUS DHÚN LAOGHAIRE

LÉARSCÁIL GHEOGRAFACH DE LIMISTÉAR BHORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA ÁTHA CLIATH AGUS DHÚN LAOGHAIRE

Is éard atá i struchtúr corparáideach Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire ná bord a cheaptar ar bhonn daonlathach agus foireann bainistíochta (feidhmiúcháin). Freastalaímid ar trí limistéar comhairle, i.e. Dún Laoghaire-Ráth an Dúin, Áth Cliath Theas agus Fine Gall, áit a bhfuil thart ar 750,000 duine ina gcónaí. Téann an limistéar riaracháin atá clúdaithe ag BOO Átha Cliath agus Dhún Laoghaire ó Bhaile Brigín i dtuaisceart Bhaile Átha Cliath, go Dún Laoghaire sa deisceart agus chomh fada le Leamhcán in iarthar an chontae.

I measc na seirbhísí a chuirimid ar fáil tá oideachas bunscoile, oideachas dara leibhéal, breisoideachas agus oiliúint, Ógtheagmháil agus seirbhísí óige, chomh maith le cláir agus seirbhísí oideachais agus oiliúna eile atá bunaithe sa phobal. Is go háitiúil a chuirtear na seirbhísí go léir ar fáil, mar seo a leanas;



Seo a leanas sprioc-chliaint BOO Átha Cliath agus Dhún Laoghaire:

- Scoláirí agus/nó a dtuismitheoirí nó a gcaomhnóirí,
- Foghlaimeoirí aosacha,
- Pobail ar fud mhórcheantar Chontae Bhaile Átha Cliath,
- Daoine óga, grúpaí don óige agus oibrithe deonacha,
- Is é an BOO a dhéanann iarratasóirí agus faighteoirí deontais faoi na scéimeanna éagsúla tacaíochta do mhic léinn a bhainistiú go díreach,
- Eagraíochtaí deonacha agus eagraíochtaí spóirt,
- Aosaigh dhífhostaithe.

Seirbhís	Líon na Suíomhanna	Líon na Rannpháirtithe
Bunscoil	*9*	*3,147*
Scoileanna Speisialta	*3*	*42*
Dara Leibhéal (Gaelcholáistí san áireamh)	*31*	*18,777*
Coláistí Breisoideachais	*9*	*2,653*
Seirbhísí Oideachais d'Aosaigh	*4*	*8,028*
Ionaid Oiliúna	*3*	*1,320*
Ranganna Féinmhaoinithe Oideachais d'Aosaigh	*7*	*2,140*
Ógtheagmháil	*11*	*385*
Oiliúint Phobail don Óige	*3*	*430*
Saoráidí Forbartha Óige agus Spórt	*6*	*250,000*
Soláthar Iomlán		*286,922*

AN STRUCHTÚR EAGRAÍOCHTÚIL

Tá struchtúr eagrúcháin BOOÁCDL bunaithe ar cheithre rannán ar leith atá idirnasctha: Breisoideachas agus Oiliúint (BOaO), Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta (TFE), Bunscoileanna agus Seirbhísí Eile agus Iar-Bhunscoileanna.



ddletb

Bord Oideachais agus Oiliúna Dublin and Dún Laoghaire
Átha Cliath agus Dhún Laoghaire Education and Training Board

COMMUNITY NATIONAL SCHOOLS

Broadmeadow Community National School Swords
Citywest & Saggart Community National School
Fortunestown Community National School Tallaght
Lucan Community National School
Scoil Aoife Community National School Tallaght
Scoil Choilm Community National School Porterstown
Scoil Chormaic Community National School Balbriggan
Scoil Ghráinne Community National School Phibblestown
Rivervalley Community National School Swords

SPECIAL SCHOOLS

Crannog Nua Special School Portrane
Ballydowd High Support Special School Ballyowen
Danu Community Special School Dublin 15.

SECOND-LEVEL COMMUNITY COLLEGES

Adamstown Community College Adamstown
Ardgillan Community College Balbriggan
Balbriggan Community College Balbriggan
Eriú CC
Castleknock Community College
Colaiste Pobail Fóla
Coláiste Pobail Setanta Phibblestown
Collinstown Park Community College Clondalkin
Deansrath Community College Clondalkin
Donabate Community College
Fingal Community College Swords
Firhouse Community College
Grange Community College Donaghmede
Greenhills College
Griffeen Community College Lucan
Kingswood Community College Kingswood
Kishoge Community College
Lucan Community College
Lusk Community College
Luttrellstown Community College Blanchardstown
Mount Seskin Community College Tallaght
Riversdale Community College Blanchardstown
Skerries Community College
St. Finian's Community College Swords
St. Kevin's Community College Clondalkin
St. MacDara's Community College Templeogue
Swords Community College

GAELCHOLAISTI

Coláiste Chilliain Cluain Dolcáin
Coláiste Cois Life Leamhcán
Coláiste de hÍde Tamhlacht
Gaelcholáiste Reachrann Domhnach Míde

TRAINING CENTRES

Baldoyle Training Centre
Loughlinstown Training Centre
Tallaght Training Centre

FURTHER EDUCATION COLLEGES

Blackrock Further Education Institute Blackrock
College of Further Education Dundrum
Collinstown Park Community College Clondalkin
Deansrath Community College Clondalkin
Dún Laoghaire Further Education Institute
Grange Community College Dublin 13
Greenhills College Dublin 12
Sallynoggin College of Further Education
Stillorgan College of Further Education

ADULT EDUCATION SERVICES

North East Adult Education Service Balbriggan – Swords
North West Adult Education Service Riversdale – Blanchardstown
South West Adult Education Service Tallaght – Lucan – Clondalkin
South East Adult Education Service Dún Laoghaire – Dundrum

ADULT EDUCATION CLASSES

Castleknock CC
Fingal
Lucan CC
St MacDara's CC
DATE
Kilternan Adult Education
BFEI
DFEI

YOUTHREACH

Balbriggan Youthreach
Blanchardstown Youthreach
Clondalkin Youthreach
Lucan Youthreach
Priory Youthreach (Tallaght)
Rathfarnham Youthreach
Rush Youthreach
Sallynoggin Youthreach
Swords Youthreach
Tallaght Youthreach
YES Centre (Clondalkin)

YOUTH COMMUNITY TRAINING

Blanchardstown Community Training Centre
Dun Laoghaire Community Training Centre
Ronanstown Community Training and Education Centre

YOUTH & SPORTS DEV. FACILITIES

Balbriggan Community College Sports Complex
Collinstown Park Sports Complex, Rowlagh, Clondalkin,
Firhouse Sports Complex, Firhouse, Tallaght
Killinarden Community School Sports Complex
Palmerstown Community School Sports Complex
Phibblestown Community Centre, Phibblestown

4. RÁITEAS STRAITÉISE

FÍS, MISEAN AGUS SPRIOCANNA STRAITÉISEACHA

Leagtar amach i Ráiteas Straitéise BOO Átha Cliath agus Dhún Laoghaire cuspóirí ardleibhéil le haghaidh na heagraíochta faoi cheithre sprioc straitéiseacha:

- Cláir oideachais agus oiliúna ar ardchaighdeán
- Eispéireas den chéad scoth d'fhoghlaimeoirí
- Forbairt eagraíochta agus foirne
- Cumarsáid agus comhoibriú éifeachtach

Tá sraith tosaíochtaí straitéiseacha ag baint le gach sprioc, rudaí a bhainfear amach trí shraith bearta tacaíochta. Tá na cuspóirí agus tosaíochtaí seo ceaptha le cabhrú le BOO Átha Cliath agus Dhún Laoghaire deiseanna a thapú agus dul i ngleic le dúshláin as seo go ceann roinnt blianta.

Cuirimid an foghlaimeoir i gcroílár gach a ndéanaimid. Creidimid go bhfuil an fhoghlaim ar feadh an tsaoil ríthábhachtach i dtaobh forbairt agus folláine phearsanta, cuimsiú sóisialta agus rathúnas eacnamaíoch. Anseo thíos tá ár dtreoirphrionsabail oibríochtúla maidir leis na seirbhísí a sholáthraímid.

Is é an aidhm fhoriomlán atá againn ná cumasú dár bhfoghlaimeoirí barr a gcumais a bhaint amach. Déanaimid gach iarracht eispéireas foghlama a chur ar fáil a fhreagraíonn do riachtanais na bhfoghlaimeoirí is cuma cén aois iad nó cé na cumais atá acu.

Cuirimid treoir agus tacaíochtaí ar fáil dár bhfoghlaimeoirí le cabhrú leo a spriocanna foghlama agus cáilíochtaí a bhaint amach.

Cuirimid roghanna aistrithe agus dul chun cinn ar fáil dár bhfoghlaimeoirí leis an deis is fearr a thabhairt dóibh dul leis an mbreisoideachas agus oiliúint agus fostaíocht a bhaint amach.

Admhaímid inár dtiomantas don oideachas ionchuimsitheach an tábhacht a bhaineann le háitribh agus acmhainní oiriúnacha a bheith ar fáil dár bhfoghlaimeoirí.

Coinnímid i gcuimhne na freagrachtaí atá orainn i ndáil le cearta an duine agus comhionannas, mar sholáthróir seirbhíse agus mar fhostóir araon.

Tuigimid cé chomh tábhachtach is atá an teicneolaíocht mar bhealach le cur le foghlaim, comhoibriú agus cumarsáid i measc ár bhfoghlaimeoirí agus páirtithe leasmhara. Chuige sin, táimid ag obair lena chinntiú go mbeidh ár gcórais dhigiteacha inrochtana, iontaofa agus cosanta.

Táimid ag iarraidh go bhfásfaimid mar eagraíocht foghlama agus déanaimid cinnte de go mbíonn rochtain ag an bhfoireann ar dheiseanna forbartha gairmiúla leanúnaí. Leis an méid sin a bhaint amach, cumasaímid do bhaill foirne a bheith ina gcleachtóirí machnamhacha, a scileanna a fheabhsú, agus comhoibriú le comhghleacaithe leo. Aithnímid gur féidir forbairt ghairmiúil a éascú ar roinnt bealaí éagsúla; ó chláir chreidiúnaithe go ceardlanna agus líonraí foghlama gairmiúla.

Is maith is eol dúinn gurb iad na baill foirne tacaíochta agus riaracháin inár scoileanna, ionaid agus seirbhísí, agus na príomhfheidhmeanna tacaíochta sa cheannoifig, a chumasaíonn cuid mhaith dár saothar mar eagraíocht. Tá meas ollmhór againn ar a ndéanann na Boird Bhainistíochta éagsúla a thacaíonn le BOO Átha Cliath agus Dhún Laoghaire ar an leibhéal eagraíochtúil agus ar leibhéal na scoileanna, na n-ionad, na gcoláistí agus na seirbhísí dár gcuid. Lena chois sin, oibrímid as lámha a chéile le príomheagraíochtaí agus príomhghníomhaireachtaí go háitiúil agus go náisiúnta ar son seirbhís ar ardchaighdeán a sholáthar dár bhfoghlaimeoirí.

SOCRUITHE CUR CHUN FEIDHME AGUS MONATÓIREACHTA

Cuireadh an Plean Seirbhíse seo i dtoll a chéile d'fhonn tacú le cur chun feidhme Ráiteas Straitéise BOOÁCDL, 2017–2021 agus le haghaidh a thabhairt ar dheiseanna agus ar dhúshláin a thiocfaidh chun cinn. Cé go leagtar amach sa Ráiteas Straitéise na tosaíochtaí agus na spriocanna atá againn maidir le tréimhse 5 bliana, tá sé tábhachtach go mbeadh próiseas i bhfeidhm chun tacú lena gcur chun feidhme i dtimpeallacht a bhíonn ag athrú de shíor.

Agus an plean seirbhíse á fhorbairt, tugadh faoi phróiseas comhairliúcháin le bainisteoirí sinsearacha agus príomhoidí sna limistéir soláthair uile lena chinntiú go n-oirfeadh na bearta a bheadh le cur chun feidhme le himeacht thréimhse an Phlean Seirbhíse do na tosaíochtaí agus spriocanna foriomlána atá leagtha amach sa ráiteas straitéise corparáidí.



Chinntigh an próiseas comhairliúcháin go bhféadfaí na spriocthorthaí a bhaint amach faoi dheireadh 2021 agus go mbeadh na bainisteoirí sinsearacha agus na príomhoidí féin freagrach astu ina réimsí soláthair seirbhíse faoi seach.

D'fhonn tacú le baint amach na dtorthaí a sainaithníodh, luaitear ceannairí agus urraitheoirí na dtionscadal i ngach réimse soláthair.

Ina theannta sin, is ann do na foirne seo a leanas freisin le cúnamh agus/nó acmhainní a sholáthar nuair is gá lena chinntiú go mbainfear amach na torthaí:

- An Fhoireann Ardbhainistíochta
- Foireann Ardbhainistíochta TFE
- Foireann Ardbhainistíochta BOaO
- Líonraí Príomhoidí

Tagann na grúpaí seo le chéile go rialta agus tugann tacaíocht tras-earnála/suímh do cheannairí agus urraitheoirí tionscadail trína chinntiú go mbíonn próiseas iltoiseach cumarsáide i bhfeidhm chun tacú le monatóireacht a dhéanamh ar thionscadail agus tacú leo. Nuair is cuí, cuirtear grúpaí oibre tras-seirbhíse ar bun i gcás go sainaithnítear go bhfuil gá lena leithéid le gníomhaíochtaí áirithe a sheachadadh, m.sh. an Grúpa Oibre Inlín, Straitéis na Foghlama le Cuidiú Teicneolaíochta (FCT), an Fhoireann Dhigiteach.

In 2021, cuirfidh an fhoireann ardbhainistíochta athbhreithniú inmheánach ar ár Spriocanna Straitéiseacha i gcrích sula dtosóidh siad ar Ráiteas Straitéise 2022-2027 a fhorbairt de réir Acht na BOOnna.

SREABHADH OIBRE AN TIMTHRIALLA PLEANÁLA

Ráiteas 5 Bliana

as a dtagann

An Timthriall Bliantúil Pleanála



Tá sé tábhachtach go n-úsáidfí an próiseas thuas le trédhearcacht agus soiléireacht cuspóra a chinntiú agus le fócas a choinneáil ar oibriú go gníomhach lena bhfuil beartaithe againn a bhaint amach thar thréimhse an Ráitis Straitéise.

5. RÁITEAS SEIRBHÍSÍ 2020

De réir théarmaí an Chomhaontaithe Soláthair Feidhmíochta idir an Roinn Oideachais agus Scileanna agus BOOÁCDL, sainaithníodh na haidhmeanna agus na tosaíochtaí seo a leanas. Seo a leanas na bearta ar leith a bheidh ag teastáil leis na tosaíochtaí seo a chur i bhfeidhm, mar aon leis na táscairí feidhmíochta agus na spriocanna le baint amach a bhaineann leo;

Sprioc	Tosaíocht	Gníomhaíocht	Táscairí feidhmíochta	Sprioc
Eispéireas an Scoláire/an Fhoghlaimeora a Optamú	Eispéireas foghlama dearfach a sholáthar do gach foghlaimeoir, lena n-áirítear foghlaimeoirí ó ghrúpaí imeallaithe	Líonraí seanbhunaithe tacaíochta do mhúinteoirí/d'fhoghlaimeoirí a choinneáil - m.sh. DEIS, Cláir Foghlama Mhalartacha (CFManna)	Ionadaíocht do gach scoil de chuid BOOÁCDL ag cruinnithe téarma	Pleanáil maidir le DEIS/RSO/CFM a chur i bhfeidhm go hiomlán
		Raon roghanna lánaimseartha, páirtaimseartha agus solúbtha BOaO a chur ar fáil ar bhealach atá ag teacht le prionsabail an dearbhaithe cáilíochta.	Dul i gcomhar le foghlaimeoirí chun athbhreithniú a dhéanamh ar an eispéireas foghlama.	Fóram Foghlaimeoirí a óstáil le haiseolas a lorg ó fhoghlaimeoirí.
		Seirbhísí tacaíochta TFC a sholáthar do na grúpaí seo	Tacaíochtaí TFC do chláir DEIS agus RSO	Tionscadal Nasctha DEIS agus RSO a sheoladh
	Curaclam fairsing a sholáthar	Cruinnithe tacaíochta do phríomhoidí i ngach scoil maidir le soláthar/leithdháileadh curaclaim.	Athbhreithniú a dhéanamh ar thuairiscí cigireachta. Ionadaíocht do gach scoil ag pobail chleachtais m.sh. FCT	Gach scoil ag glacadh páirt i dtuairisciú FMS

		Dul i gcomhar leis an bhfoireann bainistíochta BOaO chun an curaclam a fhorbairt agus soláthar cúrsaí nua a chur san áireamh, agus, ar an gcaoi sin, freastal ar éilimh na sochaí, na bhfoghlaimeoirí agus an gheilleagair.	Tagann Coiste na gClár le chéile le hathbhreithniú a dhéanamh ar iarratais nua ar chúrsaí	Cúrsaí nua BOaO ceadaithe agus curtha ar fáil.
		Seirbhísí tacaíochta TFC a sholáthar le tacú leis an gcuraclam	Soláthar TFC	Tacaíocht agus bonneagar cuí TFC
	Córais Ráthaithe Caighdeáin a chur i bhfeidhm	Próiseas promhaidh i bhfeidhm maidir le gach príomhoide, leas-phríomhoide agus múinteoir i ngach scoil, de bhreis ar Chláir Dearbhaithe Cáilíochta an Chláir Náisiúnta Ionduchtaithe do Mhúinteoirí	Tuairisciú promhaidh do Stiúrthóirí.	Acmhainn *Droichead* a mhéadú sna scoileanna go léir.
		A chinntiú go bhfuil próisis agus nósanna imeachta i bhfeidhm le measúnuithe oiriúnaithe a bhailíochtú. Modheolaíochtaí foghlama cumaisc a dhaingniú in BOaO i gcás na foghlama in aimsir COVID agus na foghlama iar-COVID araon. Forbairt clár nua luathfhoghlama agus cúraim ag leibhéil 5 agus 6 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí a threorú	Uasoiliúint ar Chleachtóirí BOaO Uasoiliúint ar Chleachtóirí BOaO Modúil forbartha agus athbhreithnithe ag piaraí	Raon ceardlann FGL a chur ar fáil. Raon ceardlann FGL a chur ar fáil. An clár a chur isteach lena bhailíochtú

	Tacú le scoláirí/foghlaimeoirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachasúil de réir an bheartais náisiúnta reatha	Seachadann gach scoil DEIS cláir shamhraidh de réir an bheartais náisiúnta Cuirfidh Music Generation Fhine Gall cláir for-rochtana cheoil ar fáil do scoileanna agus ionaid óige BOOÁCDL	Tinreamh a mhéadú ó 60% -65% in iar-bhunscoileanna agus ó 70% -75% i mbunscoileanna MDO agus riarthóir a cheapadh le maoirseacht a dhéanamh ar rolladh amach an chláir	Cuirfidh gach scoil DEIS agus scoil speisialta soláthar ar fáil i mí Iúil, chomh maith le clár samhraidh Plean Bliain 1 as 3 Bliana a bhunú ar fud na scoileanna agus na n-ionad ainmnithe.
		Scéim iasachta ríomhairí glúine a riar chun tacú le cianfhoghlaim agus le foghlaim chumaisc i ngach cuid den soláthar BOaO. Tabhair ríomhphost BOOÁCDL do gach foghlaimeoir BOaO, lena mbeidh sé nó sí in ann rochtain ar an Timpeallacht Foghlama Fíorúla (VLE) atá ina cuid de Microsoft Teams agus MS Office 365	Gléasanna á n-úsáid ag foghlaimeoirí Córais agus inneachar á rochtain ag foghlaimeoirí	Líon na ngléasanna atá ar fáil d'fhoghlaimeoirí a mhéadú. Cuir ar fáil do gach foghlaimeoir BOaO iad.
		Teicneolaíocht agus tacaíocht TFC a chur ar fáil ar bhealach atá i gcomhréir leis an mbeartas náisiúnta	Soláthar agus seirbhís mhéadaithe	Tacú le bonneagar TFC

	Seirbhísí treorach agus comhairliúcháin a sholáthar	Caidreamh leanúnach le PSS agus NEPS	Múnla Seirbhíse i bhfeidhm don PSS	Gach scoil ag plé le PSS agus/nó NEPS nuair is cuí.
		Tacaigh le foghlaimeoirí BOaO tríd an tSeirbhís Treorach um Oideachas Aosach.	Caidreamh a bhunú le seirbhísí maidir le tuairisciú agus athbhreithniú a dhéanamh ar an tseirbhís treorach.	Córas nua tuairiscithe a phíolótú tríd an gCóras Bainistíochta Treorach d'Aosaigh.
	Áiseanna foghlama/oiliúna ardchaighdeáin a sholáthar	Leanúint le tacaíocht láraithe FGL do Cheannairí Digiteacha	Gach scoil ag baint leas as tacaíochtaí cianfhoghlama	Acmhainn éascaithe FGL a thógáil i ngach scoil
		Tosaíocht a thabhairt d'uasghrádú saoráidí BOaO de réir Pharaiméadair Mhaoinithe SOLAS. Úsáid a bhaint as caipiteal SOLAS, caipiteal cineachta agus leithdháiltí deisiúcháin agus cothabhála.	Tionscadail trealaimh agus saoráide a leithdháileadh agus a bhainistiú	Uasghrádú ar threalamh BOaO agus obair feabhsúcháin ar shaoráidí.
		Oibriú as lámha a chéile leis an Roinn chun foirgnimh nua scoile a chur ar fáil Oibriú as lámha a chéile leis an Roinn chun cóiríocht bhreise scoile a chur ar fáil	Liosta Mórthionscadal an ROS Scéim Cóiríochta Breise an ROS	Soláthar foirgneamh scoile. Féach Aguisín IV Soláthar cóiríochta breise. Féach Aguisín V

	Pleanáil do dhéimeagrafaic atá ag athrú	Tuilleadh forbartha ar mhúnlaí d'fheachtais phátrúnachta a léiríonn Straitéis Athchumraíochta na Roinne	Múnla bunscoile agus iar-bhunscoile an BOO a leathnú	Iarratas a dhéanamh ar phátrúnacht le haghaidh dhá scoil BOO in 2021
		Seirbhísí BOaO a leathnú isteach i bhFine Gall, áit a bhfuil an daonra ag fás ach a bhfuil tearc-sholáthar BOaO.	Áiseanna agus seirbhísí breise a chur ar fáil	Áitreabh nua BOaO a oscailt i Sord
		Iarrachtaí a dhéanamh pleanáil do threochtaí amach anseo ar bhealach atá ag teacht leis na srianta náisiúnta ó thaobh acmhainní de	Áiseanna agus seirbhísí curtha i bhfeidhm chun freastal ar dhéimeagrafach atá ag athrú	Soláthar chun freastal ar riachtanais
	Comhoibriú go héifeachtach le fostóirí	Cláir taithí oibre ATF/IB/GCAT curtha ar athlá de dheasca Covid	N/B	N/B
		'Scileanna chun Dul chun Cinn a Dhéanamh' a leathnú le deiseanna breisoiliúna agus athoiliúna a fhorbairt agus a chur chun cinn i measc daoine fásta fostaithe.	Líon na gcúrsaí STA a mhéadú	Líon na bhfoghlaimeoirí fostaithe a mhéadú
	Cláir oiliúna agus phrintíseachta a chur ar fáil agus a fhorbairt	N/B chuig ROS	N/B	N/B
		Dul i dteagmháil leis na hIonaid Oiliúna agus leis na Coláistí BO le leanúint leis an soláthar Oiliúna agus Printíseachta a chur ar fáil agus a fhorbairt	Líon na ndaoine i mbun Printíseachtaí agus Cúrsaí Oiliúna a mhéadú	Réamhphrintíseacht nua a phíolótú do Phrintíseacht TFC 2016+

	A chinntiú go bhfuil na bearta cuí uile maidir le cumhdach leanaí i bhfeidhm de réir na Nósanna Imeachta um Chumhdach Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna, 2017	Grúpa Maoirseachta BOOÁCDL um Chosaint Leanaí a bhunú	A chinntiú go gcomhlíonann gach scoil na nósanna imeachta um Chosaint Leanaí	3 chruinniú gach bliain
		Tagann Boird Réigiúnacha Maoirseachta Ógtheagmhála le chéile chun a chinntiú go gcomhlíontar na riachtanais rialachais, nósanna imeachta um Chosaint Leanaí ina measc.	A chinntiú go gcomhlíonann gach Ionad Ógtheagmhála na nósanna imeachta um Chosaint Leanaí	2 chruinniú gach bliain
	Tús áite a thabhairt do STEM/STEAM i scoileanna	Scoileanna atá páirteach i gcláir náisiúnta m.sh. Scoileanna Digiteacha Bairr Feabhais, Eolaí Óg BT, Scoileanna Cruthaitheacha. Tacaíocht láraithe don Chreat Straitéise Digití	Gradaim bainte amach ag scoileanna laistigh de na creataí seo	Gach scoil ag gabháil don Chreat Straitéise Digití.
		Seirbhísí tacaíochta TFC a sholáthar le tacú le STEM/STEAM i scoileanna	Úsáid teicneolaíochtaí digiteacha	Gléasanna Digital Connect
	Tacaíochtaí foghlama TFC ar ardchaighdeán a chur ar fáil i scoileanna/ionaid	Tionscadal Digital Connect BOOÁCDL ag tacú le gach scoil	Gach múinteoir páirteach i dTionscadal Digital Connect	Tagarmharcanna a leagan amach do bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna
		Tionscadal Digital Connect BOOÁCDL ag tacú le gach cleachtóir BOaO, chomh maith le tacaíocht leanúnach agus FGL ó Mhol FCT BOaO.	Cleachtóirí atá gafa lena gcúram ag baint leas as deiseanna uasoiliúna	Líon méadaithe ball foirne BOaO uasoilte

		Seirbhísí tacaíochta TFC a sholáthar le tacú le scoileanna agus ionaid	Comhoibriú idir Tacaíocht TFC agus FCT	Digital Connect

Sprioc	Tosaíocht	Gníomhaíocht	Táscairí feidhmíochta	Sprioc
Tacaíocht don Fhoireann	Earcú agus coinneáil foirne	N/B chuig ROS	N/B	N/B
		BOOÁCDL a chur chun cinn laistigh d'Ollscoileanna agus Coláistí Oiliúna Múinteoirí	Próiseas earcaíochta	Físeán bolscaireachta a chur le chéile
	Tacú le baill foirne maidir le forbairt ghairmiúil leanúnach	An Clár Ceannaireachta do Mhúinteoirí a thabhairt isteach arís (Cuireadh ar fionraí é de dheasca Covid)	Tionscnaimh chuimsitheacha cheannaireachta ó gach scoil rannpháirteach léirithe sna tuairiscí	Grúpa ionadaíoch múinteoirí ó gach scoil ag glacadh páirte
		Deiseanna forbartha gairmiúla deimhnithe a thairiscint d'fhoireann BOaO, lena n-áirítear an Bhainistíocht Ceannaireachta agus Athraithe (OÉ Gaillimh) agus an Fhoghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta (Coláiste Náisiúnta na hÉireann).	Ionadaithe ó earnálacha éagsúla den soláthar BOaO ag glacadh páirte	Baill Foirne BOaO Dheimhnithe
		Comhoibriú idir an Fhoireann AD agus an Fhoireann FCT chun FGL a fhorbairt maidir le	Tionscadal FCT	Clár FGL a chur ar fáil

		húsáid na teicneolaíocht chun an t-eispéireas foghlama a fheabhsú		
	Ceannaireacht ardcháilíochta a fhorbairt sa Bhord Oideachais agus Oiliúna, agus tacú leis sin	Cláir Oiliúna don Oiliúnóir a fhorbairt	Oiliúint do bhoird bhainistíochta a chomhéascú	Oiliúint do phríomhoidí le cur ar a gcumas oiliúint a chur ar a mbord féin
		Leanúint ar aghaidh leis an gClár Ceannaireachta BOaO ar chuir COVID isteach air, agus ligean don lucht meánbhainistíochta agus ardbhainistíochta an clár iomlán a chur i gcrích.	An chuid eile den chúrsa a dhéanamh ar líne	An cúrsa a chur i gcrích
		Cumas na foirne TFE a fhorbairt tuilleadh le cumasú dóibh scileanna nua a fhoghlaim	Forbairt foirne	FGL a cheapadh
	Feasacht ar shláinte agus sábháilteacht a chur chun cinn	Beartas Sláinte agus Sábháilteachta i ngach scoil	Le hathbhreithniú go bliantúil	Tuairiscithe do na Boird Bhainistíochta
		Ráitis Sláinte agus Sábháilteachta i ngach coláiste, ionad agus seirbhís BOaO	Cothrom le dáta agus ar fáil lena iniúchadh	Le hathbhreithniú go bliantúil
		Iniúchtaí Sláinte agus Sábháilteachta	Iniúchtaí a dhéanamh ar scoil/ionad (lasmuigh de shrianta	Iniúchadh a dhéanamh ar 50% de

			soghluaisteachta Covid)	scoileanna/ionaid BOOÁCDL
	Timpeallacht oibre atá idir dhearfach agus tacúil a sholáthar	N/B chuig ROS	N/B	N/B
		Rannpháirtíocht foirne	Rannpháirtíocht na foirne i gcruinnithe foirne	Tinreamh 50% ar a laghad a bhaint amach ag cruinnithe foirne
	Tacú le folláine na mball foirne	N/B chuig ROS	N/B	N/B
		Clár Folláine don Fhoireann (PSS)	Baill foirne feasach ar an gclár folláine	Tinreamh/líon na n-amharc ar sheisiúin thaifeadta

Sprioc	Tosaíocht	Gníomhaíocht	Táscairí feidhmíochta	Sprioc
Rialachas	Struchtúir agus córais eagraíochtúla a fhorbairt chun freastal ar riachtanais na heagraíochta a bhíonn ag athrú de shíor	N/B chuig ROS	N/B	N/B
		Struchtúr dearaidh nua TFE a chur i bhfeidhm. Cumas na Foirne TFE a thógáil	Feidhmeanna a aistriú. Forbairt Foirne	Baill foirne i róil nua Soláthar
	Cúrsaí airgeadais agus riosca a bhainistiú go héifeachtach	N/B chuig ROS	N/B	N/B
		Cloí leis an litir chinnidh agus le Buiséad Solas Feasacht ar chúrsaí bainistíochta riosca agus ceanglais tuairiscithe	Tuairiscí Airgeadais don Roinn Oideachais, do SOLAS agus don fhoireann ardbhainistíochta Tuairisc don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus don Bhord, agus úsáid ghníomhach á baint as an gClár Riosca	Tuairiscí Airgeadais curtha ar fáil in am agus de réir an bhuiséid Tuairisciú go tráthúil
	Acmhainní a úsáid go héifeachtúil	Cúrsaí Airgeadais/Soláthair	N/B	N/B

	A chinntiú go mbaintear úsáid éifeachtach as acmhainní agus go ndéantar monatóireacht leanúnach ar an úsáid sin	Déantar seirbhísí a bhainistiú chun freastal ar ár riachtanais seirbhíse	Úsáid agus tuairisciú
Cumarsáid a dhéanamh go héifeachtach	Cúrsaí Rialachais/Airgeadais/AD ina mbuanmhíreanna ar an gclár oibre do chruinnithe príomhoidí	Ar Chlár Oibre Chruinniú na bPríomhoidí	Am curtha i leataobh ag gach cruinniú leis na scoileanna go léir a choinneáil ar an eolas faoi chúrsaí TFE
	Faisnéis le cur ar fáil ar bhealach cuí do na páirtithe leasmhara	A chinntiú go ndéantar beartais, nósanna imeachta agus ciorcláin nua nó athbhreithnithe a scaipeadh go tráthúil Próiseas seirbhíse ar ardchaighdeán do chustaiméirí a fhorbairt mar a éilítear le halt 10 den chód rialachais.	Úsáid extranet a mhéadú An Chairt Custaiméirí
	N/B chuig ROS	N/B	N/B

Comhaontuithe Leibhéil Seirbhíse a fhorbairt i gcomhar le páirtithe leasmhara seachtracha	Córas a bheith ann chun a chinntiú go mbíonn CLSanna i bhfeidhm le páirtithe leasmhara seachtracha	CLSanna a athnuachan nuair is gá leis na páirtithe leasmhara atá ann cheana. CLS a dhéanamh le gach páirtí leasmhar nua	CLS déanta maidir le gach páirtí leasmhar seachtrach
Cosaint éifeachtach sonraí a chinntiú	N/B chuig ROS	N/B	N/B
	Monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh Bheartas Cosanta Sonraí BOOÁCDL	Sáruithe a íoslaghdú, Inneall Príobháideachta a chur i bhfeidhm	Tuairisciú agus comhlíonadh
Dul i dteagmháil go héifeachtach le páirtithe leasmhara agus comhpháirtíochtaí a fhorbairt	N/B chuig ROS	N/B	N/B
	Caidreamh a chothú le páirtithe leasmhara ar na leibhéil áitiúla agus náisiúnta	Ionadaíocht ar Bhoird. Freastal ar imeachtaí/tionscnaimh de chuid na Roinne Oideachais agus SOLAS	Páirt a ghlacadh in imeachtaí
Cloí leis an dea-chleachtas soláthair	N/B chuig ROS	N/B	N/B
	Cloí le Beartas Soláthair BOOÁCDL.	Aghaidh a thabhairt ar réimsí neamh-chomhlíonta	Comhlíonadh a fheabhsú

		Anailís ar chaiteachas na bliana roimhe chun MAPP agus CPP a chomhlíonadh	Cur chuige struchtúrtha i leith tosaíochtaí soláthair	
	A chinntiú go gcomhlíonfar na ceanglais reachtúla agus rialála	N/B chuig ROS	N/B	N/B
		Leanúint le comhlíonadh ceanglas reachtúil agus rialála a mhonatóiriú agus a chinntiú, nuair is féidir déanamh amhlaidh ó thaobh acmhainní de	Uirlis Iniúchta Comhlíonta	Comhlíonadh a mhéadú bliain i ndiaidh bliana
	A chinntiú go gcomhlíonfar go hiomlán na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna, 2017	Rannóg Rialachais BOOÁCDL le monatóireacht a dhéanamh ar athbhreithnithe bliantúla um Chosaint Leanaí	Taifeadadh láraithe agus obair leantach. Seiceáil déanta ar mhiontuairiscí an Bhoird Bainistíochta.	Oiliúint um Chosaint Leanaí curtha ar gach ball boird nua
Cláir Chosanta	Cabhrú leis an ROS, de réir mar is gá, freastal ar na riachtanais a éiríonn as Clár Cosanta Dídeanaithe na hÉireann agus soláthar a dhéanamh d'iarratasóirí cosanta idirnáisiúnta	N/B chuig ROS	N/B	N/B

De bhreis ar na spriocanna agus na tosaíochtaí a comhaontaíodh go náisiúnta (thuasluaite), cuirfear tús leis an obair ar na tosaíochtaí straitéiseacha seo a leanas nó bainfear amach iad le linn 2021 lena chinntiú go gcuirfear an Ráiteas Straitéise chun cinn ar an iomlán.

Sprioc	Tosaíocht	Gníomhaíocht	Táscairí feidhmíochta	Sprioc
Comhlíonadh agus Rialachas RO	Freastal ar chruinnithe boird.	Ba cheart do bhoird aonair béim a leagan arís ar an gceanglas le freastal ar gach cruinniú boird de réir an Chóid Cleachtais do Rialachas BOOnna	Freastal comhaltaí boird	Freastal ball boird ó gach scoil
	Féinmheasúnú Bord	Ba cheart do gach bord féinmheasúnuithe a dhéanamh, trí thagairt don cheistneoir atá sa Chód Cleachtais, chun réimsí a aithint ina bhfuil gá le feabhsúcháin	Féinmheasúnú a dhéanamh	Féinmheasúnú déanta ag Comhaltaí Boird an BOO
	Saineolas airgeadais ar choistí iniúchóireachta agus airgeadais	Ba cheart don bhord daoine a cheapadh chun na gcoistí iniúchóireachta agus airgeadais i gcomhairle le cathaoirligh na gcoistí. Ba cheart do chomhaltaí seachtracha na gcoistí na scileanna agus an taithí chuí a bheith acu le haghaidh an róil.	Saineolas cuí i réimse na hiniúchóireachta agus an airgeadais	Ceapacháin déanta de réir mar is cuí

	Measúnú an Bhoird ar obair an Choiste Airgeadais agus an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca	Ba cheart do chathaoirleach gach boird a chinntiú go gcuirtear tuairiscí i scríbhinn ar fáil do chomhaltaí an bhoird maidir leis an obair a dhéanann an coiste airgeadais agus an coiste iniúchóireachta agus riosca de réir mar a cheanglaítear air nó uirthi a dhéanamh faoin gCód Cleachtais do Rialachas BOOnna.	Tuairiscíonn ionadaithe ón gCoiste Airgeadais agus ón gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca do Bhord an BOO	Tuairiscí ráithiúla curtha ar fáil
	Féinmheasúnú ar obair an Choiste Airgeadais agus an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca	Ba cheart do chathaoirligh an choiste iniúchóireachta agus riosca agus an choiste airgeadais araon a chinntiú go gcuirtear féinmheasúnú i gcrích gach bliain de réir mar a éilítear faoin gCód Cleachtais do Rialachas BOOnna.	Féinmheasúnú a dhéanamh	Déanta ag an gCoiste Airgeadais agus ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca
	Forbairt Foirne	Ba cheart don phríomhfheidhmeannach a chinntiú; go gceapfar ball foirne mar an bainisteoir oiliúna; go ndéanfar anailís ar na riachtanais oiliúna ó thaobh bainistíocht airgeadais de ar bhonn bliantúil; go ndéanfar clár	Bainisteoir Oiliúna a Cheapadh, Clár oiliúna a fhorbairt	Oiliúint a chur ar fáil

		oiliúna um bainistíocht airgeadais a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm		
	Spriocdhátaí tuairiscithe na Roinne	Ba cheart cloí leis na spriocdhátaí a shocróidh an Roinn.	Tuairiscí eisithe go tráthúil	Déanfaidh BOOÁCDL a dhícheall freastal ar iarratais ón Roinn Oideachais
	Beartas Bainistíochta Riosca	Ba cheart do bhord gach BOO a chinntiú go bhfuil próiseas ar bun go leanúnach chun sainaithint a dhéanamh ar na rioscaí suntasacha a d'fhéadfadh a bheith ann don eagraíocht agus chun dul i ngleic leo sin. Ba cheart don choiste iniúchóireachta agus riosca tacú leis an mbord sa ról seo.	Clár Rioscaí a choinneáil	Athbhreithniú ráithiúil ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca
	Rialuithe Inmheánacha	Ba cheart do bhord gach BOO a chinntiú go bhfaigheann sé dearbhú leordhóthanach go bhfuil rialuithe sonraithe ag feidhmiú mar is ceart.	Rialuithe inmheánacha i bhfeidhm	Suirbhé dearbhaithe déanta

Stiúrthóirí Scoileanna: Stiúrthóir BOaO: Stiúrthóir ar Thacaíocht agus Fhorbairt Eagraíochta: ROS

6. FORLÉARGAS AR SHEIRBHÍSÍ 2021

RÁITEAS NA SEIRBHÍSÍ – SCOILEANNA

SCOILEANNA NÁISIÚNTA POBAIL

Tá BOO Átha Cliath agus Dhún Laoghaire ina phátrún ar 9 Scoil Náisiúnta Phobail. Ina theannta sin, tá BOOÁCDL ina phátrún ar Scoil Speisialta Phobail Danu i mBaile Átha Cliath 15.

Tá baint BOO Átha Cliath agus Dhún Laoghaire leis an mbunoideachas ina dúshlán agus ina deis ag an am céanna. Tá uileghabhálacht na Scoile Náisiúnta Pobail ar cheann dá saintréithe. Mealltar leanaí ó gach cúlra chuig Pobalscoileanna Náisiúnta de bharr gur maith is eol go bhfaighidh siad oideachas ar ardchaighdeán, a ullmhóidh iad do shaol i sochaí ilchreidmheach, ilchultúrtha i ndiaidh na scoile. Is bunscoileanna stáit comhoideachasúla, ilchreidmheacha iad Scoileanna Náisiúnta Pobail, a bhfuil na treoirphrionsabail seo a leanas mar bhonn agus mar thaca acu: barr feabhais san oideachas, cúram, cothromas, pobal agus meas.

IAR-BHUNSCOILEANNA

Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire ina phátrún ar 31 iar-bhunscoil agus cuirfidh réimse seirbhísí agus tacaíochtaí ar fáil do na scoileanna sin, amhail seirbhísí agus tacaíochtaí airgeadais, acmhainní daonna, tógála, cothabhála agus oideachasúla.

Tá na Coláistí Pobail de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire ina gcuid dhílis den saol ina bpobail áitiúla. Tá cur chuige cuimsitheach acu agus cuidíonn siad le daoine óga barr a gcumais a bhaint amach sa tsochaí. Cuireann siad ar chumas daltaí, múinteoirí agus tuismitheoirí dul chun cinn a dhéanamh ó thaobh oideachais de i dtimpeallacht dhearfach, spreagúil. I measc na gclár atá á soláthar inár gcoláistí pobail tá:

- An Teastas Sóisearach
- Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh
- An Idirbhliain
- An Ardteistiméireacht
- An Ardteistiméireacht Fheidhmeach
- Gairmchlár na hArdteistiméireachta

Tá réimse iomlán ábhar, lena n-áirítear teangacha, na daonnachtaí, na healaíona, teicneolaíochtaí agus eolaíocht, á múineadh sa tsraith shóisearach agus sa tsraith shinsearach araon. Spreagtar scoláirí chun páirt a ghlacadh i ngach gné de shaol na scoile lena n-áirítear gníomhaíochtaí seach-churaclaim cosúil le drámaíocht, ceol, díospóireacht agus spórt.

D'fhonn na caighdeáin teagaisc agus foghlama is airde ar fad agus an t-eispéireas oideachasúil is fearr is féidir a chinntiú dá scoláirí agus mic léinn, cuirfidh BOOÁCDL tacaíochtaí ar fáil do na scoileanna uile maidir le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach, Ionduchtú Múinteoirí, an Clár Ceannaireachta do Mhúinteoirí (CCM), Litearthacht agus Uimhearthacht, Oideachas Speisialta, Teagasc agus Foghlaim le Cuidiú na Teicneolaíochta, an Clár um Múinteoirí agus Ceannaireacht, Cigireacht agus Féinmheastóireacht Scoile, Tacaíocht do Bhoird Bhainistíochta, Béarla mar Theanga Bhreise, chomh maith le Cláir Forbartha agus Tacaíochta Ceannaireachta do Phríomhoidí, Leas-Phríomhoidí agus dóibh siúd a bhfuil poist mheánbhainistíochta acu.

De bhreis ar an tacaíocht thuasluaite, cuirfear tacaíocht ar fáil freisin le ceapadh beartais agus rialachas ach oibriú ar bhonn leanúnach le Boird Bhainistíochta agus foirne bainistíochta scoile, agus oiliúint a chur orthu.

Ar phríomhréimse oibre le scoileanna sa bhliain 2021/22 beidh tacaíocht leanúnach a chur ar fáil trí Sheirbhís Tacaíochta Síceolaíochta BOOÁCDL. Tá an tSeirbhís Tacaíochta Síceolaíochta ar fáil do scoláirí agus mic léinn in iar-bhunscoileanna, ionaid ógtheagmhála agus earnálacha ina soláthraítear Breisoideachas, agus do bhaill foirne de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire. Tugann an tSeirbhís tacaíocht ghearrthéarmach agus soláthraíonn tacaíochtaí síceolaíocha leathana d'úsáideoirí na Seirbhíse arna iarraidh sin

ag an scoil/ionad. Éascaíonn an tSeirbhís atreorú scoláirí agus mac léinn chuig sainghníomhaireachtaí eile a oireann dá gcuid riachtanas. Cuimsítear le ról na Seirbhíse Tacaíochta Síceolaíochta ionchur sainiúil i réimsí an taighde agus na hoiliúna agus i dtionscnaimh de chuid an Bhoird Oideachais agus Oiliúna ar leibhéal córasach.

DIGITAL CONNECT BOOÁCDL - 'DAOINE A NASCADH CHUN AN FHOGHLAIM A FHEABHSÚ'

Cumasaíonn ardáin thacaithe BOOÁCDL cumarsáid agus comhoibriú níos fearr i ngach comhthéacs de chuid BOOÁCDL.

Thacaigh agus d'fhorbair oiliúint foirne i ngach earnáil de BOOÁCDL faoi 'Thionscadal Digital Connect' le rannpháirtíocht foirne i ngach ardán tacaithe de chuid BOOÁCDL a bhaineann lena n-earnáil. Ailíníonn agus tacaíonn tacaíocht fhíorúil All Digital le 'Straitéis FCT BOaO 2106-2019' agus 'Straitéis Dhigiteach 2ú Leibhéal 2015-2020.'

Tacaíocht láraithe d'fhoghlaimeoirí trí sheisiúin éagsúla pobail foghlama, a bhíonn idir idirghníomhach agus tarraingteach. Tacú le húsáid ardán tacaithe de chuid BOOÁCDL, eadhon Seesaw, Microsoft 365 agus Moodle.

Foireann BOOÁCDL a nascadh tríd an bhFoireann Chianfhoghlama, fís faoin gcaoi ar féidir le cumarsáidí fíorúla cleachtais deacrachtaí maidir le suíomh agus am a shárú. Tá cinntithe ag an bhfoireann seo go roinntear an cleachtas fíorúil is fearr ar fud BOOÁCDL gan teorainn. Níl teorainn leis na féidearthachtaí a bhaineann le naisc fhíorúla den sórt sin.

Cinntítear nascacht fheabhsaithe trí chuntas Microsoft 365 a thabhairt do gach foghlaimeoir. Cinnteoidh cuntas aonair d'fhoghlaimeoirí, a bheidh siad in ann a úsáid dá gcuid uirlisí fíorúla go léir, go mbeidh an teicneolaíocht cuíchóirithe agus go mbeidh gach foghlaimeoir in ann rochtain uirthi beag beann ar a chumas, a scileanna nó a riachtanais. Tosaíocht de chuid BOOÁCDL é rochtain chothrom a thabhairt do gach foghlaimeoir.

Bealach iad ardáin nasctha do BOOÁCDL foghlaim dhigiteach ar feadh an tsaoil a chur chun cinn leis na bealaí seanbhunaithe foghlama fisiciúla atá ar fáil cheana féin a fheabhsú. Is féidir aistear foghlaimeora a nascadh anois le comhthéacsanna éagsúla ar fud BOOÁCDL.

Tugann Microsoft 365 deiseanna foghlama ar feadh an tsaoil, nascacht ar fud eagraíochta agus deis do gach ball foirne agus foghlaimeoir dul i dtaithí ar ardán foghlama a fheabhsaíonn a saol agus a dtaithí gairmiúla.



An Fhreagairt ar Covid in 2021

Le linn 2020, is é an tosaíocht de-facto a bhí ag BOaO ná a chinntiú go leanfaí den fhoghlaim, den mheasúnú, den deimhniúchán agus de dhul chun cinn an fhoghlaimeora. Rinneadh bearta suntasacha d'fhonn tionchar na dianghlasála a mhaolú, chomh maith le tionchar an athraithe láithrigh chuig an gcianfhoghlaim do thairbhithe BOaO. Toisc go bhfuil na srianta Covid a bhí i bhfeidhm in 2020 fós i bhfeidhm in 2021, tá ar choláistí, ionaid agus seirbhísí BOaO pleananna teagmhasacha Covid a nuashonrú tuilleadh agus cúrsaí agus seirbhísí a chur in oiriúint d'fhonn leanúnachas na foghlama a chinntiú.

Leanfar d'fheidhmiú Phlean Teagmhasach na Rannóige BOaO de réir mar is gá in 2021 chun a chinntiú go leanfar leis an bhfoghlaim, le soláthar clár agus le tacaíochtaí agus rochtain foghlaimeoirí, agus go mbeidh an foghlaimeoir fós in ann aistriú chuig BOaO, uaidh agus laistigh de.

Tá tús áite fós á thabhairt do riachtanais agus leas na bhfoghlaimeoirí i bhfreagairt theagmhasach na Rannóige BOaO ar Covid. Tosaíocht ar leith is ea na riachtanais foghlama digití atá ag teacht chun cinn le linn na paindéime, mar aon leis na foghlaimeoirí siúd is mó atá thíos leis an bpaindéim, iad siúd a chaill fostaíocht san áireamh. Tosaíocht eile i gcónaí is ea printísigh agus foghlaimeoirí BOaO ar chúrsaí scileanna-bhunaithe a bhfuil sainriachtanais acu, áit nach féidir an chianfhoghlaim ná an fhoghlaim chumaisc teacht in ionad teagasc praiticiúil, múineadh, oiliúna ná taithí oibre.

Straitéis, Struchtúir, Cláir agus Seirbhísí BOaO 2021

In 2021 tá BOOÁCDL ag súil go ndéanfar an Comhaontú Straitéiseach Feidhmíochta (CSF) le SOLAS a athnuachan tar éis athbhreithniú foirmiúil a dhéanamh ar an gcomhaontú roimhe seo, a mhair go dtí deireadh 2020, agus go gcuirfear tús freisin leis an timthriall pleanála do phlean straitéiseach nua BOOÁCDL, atá le teacht i bhfeidhm in 2022.

Tá na doiciméid seo a leanas mar bhonn agus mar thaca ag Plean Seirbhíse BOaO do 2021:

- Ráiteas Straitéise BOOÁCDL, 2017-2021.
- Paraiméadair Mhaoinithe SOLAS 2021 "Paraiméadair Fhoriomlána Phleanála agus Mhaoinithe agus Riachtanais maidir le Soláthar BOaO ag BOOnna".
- Treoirlínte na Roinne Oideachais maidir le Feidhmiú Clár.
- Ceanglais iniúchóireachta agus rialachais Chiste Sóisialta na hEorpa (CSE) do sholáthar BOaO atá maoinithe ag CSE.
- Straitéis Foghlama le Cuidiú Teicneolaíochta (FCT) BOOÁCDL.
- Straitéis BOaO SOLAS, 2020-2024.

Cuireadh riachtanais daoine aonair, a dteaghlach agus a bpobal san áireamh i bPleanáil BOaO don bhliain 2021, chomh maith le riachtanais fostóirí áitiúla agus réigiúnacha ó thaobh scileanna de trí rannpháirtíocht, comhairliúchán agus líonrú le gníomhaireachtaí atreoraithe amhail an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí, comhpháirtithe pobail, gnóthais, tionscail agus líonraí agus eagraíochtaí gairmiúla.

In 2020, chuir cláir BOaO BOOÁCDL cúrsaí lánaimseartha nó páirtaimseartha ar fáil do **23,806** foghlaimeoir. Maidir le 2021, meastar go mbainfidh **26,320** duine tairbhe as deiseanna BOaO linn.

Cuirtear soláthar BOaO BOOÁCDL ar fáil ó na suíomhanna seo a leanas:

- 4 **Sheirbhís Oideachais d'Aosaigh** (SOA), lena n-áirítear an dá ionad BOaO ag BOOÁCDL agus raon suíomhanna for-rochtana agus pobalbhunaithe, i gcomhar le comhpháirtithe pobail sna hearnálacha reachtúla, neamhbhrabúis, pobail, abhcóideachta, deonacha nó carthanachta.

- 11 **Choláiste Breisoideachais,**

- 3 **Ionad Oiliúna** agus seirbhís, lena n-áirítear suíomhanna oiliúna pobail agus for-rochtana.

- 11 Ionad **Ógtheagmhála**.

Faigheann an soláthar BOaO tacaíocht ó **Fhoirne Dearbhaithe Cáilíochta, Pleanála agus Straitéise, agus Forbartha**, a chuireann forbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) agus oiliúint ar fáil freisin don fhoireann d'fhonn tacú le hoibriú clár agus seirbhísí BOaO agus le feidhmiú an chórais faisnéise bainistíochta, a dtugtar PLSS air.

Soláthraíonn an Fhoireann Foghlama le Cuidiú Teicneolaíochta (FCT) in BOOÁCDL tuilleadh tacaíochtaí, lena n-áirítear oiliúint foirne agus foghlaimeoirí, trí Mhoil FCT na Rannóige BOaO i mBaile Dúill agus i nDún Droma agus leanfar leis an obair sin in 2021.

I measc na struchtúr inmheánach a threoraíonn pleanáil, soláthar, meastóireacht agus feabhsú clár BOaO agus a thugann tuairiscí orthu tá **an Chomhairle Dearbhaithe Cáilíochta, an Coiste um Cheadú Clár, Grúpaí Réigiúnacha Pleanála agus Líonra na mBainisteoirí BOaO**. Leanfar le hobair na ngrúpaí seo in 2021.

Cúrsaí BOaO do 2021

Bíonn roghanna deimhnithe nó neamhdheimhnithe foghlama i gceist le cúrsaí BOaO. I measc na gcúrsaí deimhnithe tá raon leathan roghanna ó DCCÉ (ó Leibhéal 2 - Leibhéal 6) i dtreo cáilíochtaí modúlacha nó iomlána, nó raon cáilíochtaí gairmiúla nó tionscail ó chomhlachtaí deimhniúcháin eile. Tá cúrsaí neamhdheimhnithe deartha chun freastal ar riachtanais shonracha an fhoghlaimeora nó chun bealaí rochtana ar an deimhniúchán a thabhairt dó nó di.

Tá cúrsaí BOaO deartha freisin chun freastal ar riachtanais an gheilleagair agus na bhfostóirí ó thaobh scileanna de agus bealaí dul chun cinn i dtreo fostaíochta, breisoideachais nó ardoideachais a chur ar fáil, chomh maith le tacú le foghlaim ar feadh an tsaoil agus leis an gcuimsiú gníomhach.

Cúrsaí Lánaimseartha

- Printíseachtaí (Printíseachtaí 2016+ agus Printíseachtaí Ceardaíochta araon) agus Réamh-Phrintíseacht.
- Iar-Ardteistiméireacht.
- Cúrsaí Oiliúna do Chuardaitheoirí Poist.
- An Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (VTOS).
- Ógtheagmháil.

Soláthar Solúbtha/Modúlach a bhfuil raon roghanna lánaimseartha nó páirtaimseartha i gceist leis:

- Oiliúint Chumaiscthe.
- Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile (ESOL).
- Oiliúint Tráthnóna.
- Oiliúint i Scileanna Sonracha.
- Scileanna le dul chun cinn a dhéanamh.
- Cúrsaí Oiliúna d'Fhostaithe.

Soláthar Páirtaimseartha a bhfuil raon roghanna solúbtha nó modúlacha i gceist leis:

- Litearthacht d'Aosaigh.
- Oideachas Pobail.
- Tionscnaimh um Fhilleadh ar an Oideachas.
- Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile (ESOL).
- Dianteagasc san Oideachas Bunata Aosach (DTOBA).
- Scileanna Oibre.
- Tionscnamh Explore.

San áireamh sa soláthar thuas tá an tsraith nua cúrsaí darb ainm **Scileanna le Dul san Iomaíocht**, a chuimsíonn na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag BOOÁCDL san earnáil BOaO le freastal ar riachtanais uasoiliúna agus athoiliúna daoine fásta a chaill a bpost de dheasca ghéarchéim Covid.

Áireofar leis na seirbhísí, tacaíochtaí d'fhoghlaimeoirí nó rannpháirtíocht páirtithe leasmhara san earnáil BOaO i limistéar riaracháin BOOÁCDL in 2021:

Riarachán agus tacaíochtaí printíseachta - printísigh agus fostóirí a chlárú i limistéar ainmnithe printíseachta BOOÁCDL, agus íocaíochtaí lasmuigh den phost le printísigh a fhreastalaíonn ar oiliúint i gcoláistí agus in ollscoileanna teicniúla a phróiseáil. Tá earnáil BOaO BOOÁCDL ag súil le tacaíochtaí breise a chur ar fáil do na printíseachtaí nua de réir mar a thiocfaidh siad teacht chun cinn.

Uaireanta Comhair BOaO – uaireanta teagaisc a leithdháileadh ar eagraíochtaí agus institiúidí seachtracha chun tacú le cohóirt foghlaimeoirí tosaíochta rochtain a fháil ar chláir foghlama a fhreasltaíonn ar riachtanais ar leith.

Maoiniú Deontais d'Oiliúint Phobail agus Oideachas Pobail – Tacóidh an soláthar BOaO in 2021 le cuimsiú gníomhach trí dheontais do chomhpháirtithe pobail inár gclár oideachais pobail, mar aon le hoiliúint phobail arna bainistiú agus arna thacú ag na hIonaid Oiliúna againn. Leithdháilfear an maoiniú deontais do 2021 ar **Ionaid Phobail Oiliúna** (IPO), **Soláthraithe Sainoiliúna** (SSO), **Ceardlanna Ceartais**, **Tionscnaimh Áitiúla Oiliúna** (TÁO), soláthraithe/comhpháirtithe **Oideachais Pobail** agus soláthraithe pobalbhunaithe **faoin Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas**.

Deontais nó Tacaíochtaí Eile don Oideachas Pobail - In 2020 rinne BOOÁCDL deontas nua a riar tríd an **gCiste um Míbhuntáiste Oideachais a Mhaolú**, arb aidhm leis tacú le soláthar oideachais pobail atá dírithe ar na foghlaimeoirí aosacha siúd is mó a bhfuil gá acu leis. Má dhéantar an maoiniú seo a athnuachan in 2021, leanfaidh BOOÁCDL air ag tacú le soláthraithe oideachais pobail trí dheontais ar leith, má bhíonn fáil ar a leithéid, nó trí líonrú agus idirchaidreamh leis na pobail dheonacha, charthanacha agus eile atá i ngátar nó atá spéisiúil i limistéar riaracháin BOOÁCDL.

Seo a leanas na **Tacaíochtaí d'Fhoghlaimeoirí**:

- Treoirchomhairleoireacht Oideachais Aosach leis na Seirbhísí Oideachais d'Aosaigh agus na Coláistí BO.
- Ciste do Mhic Léinn faoi Mhíchumas (CMLM) arna riar thar ceann SOLAS d'fhoghlaimeoirí IAT.
- Scéimeanna um ríomhairí glúine a thabhairt amach ar iasacht
- Aonad Scileanna Staidéir chun tacú le Printísigh Leictreacha, Céim 2.

Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara BOaO - Téann BOOÁCDL i dteagmháil agus i gcomhairle le páirtithe leasmhara BOaO, amhail foghlaimeoirí agus baill foirne, ach tacaíonn freisin le **seirbhísí do ghnóthais** trí rannpháirtíocht le gníomhaireachtaí seachtracha amhail an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí agus an Fóram Réigiúnach Scileanna. Tacaíonn earnáil BOaO BOOÁCDL le forbairt shóisialta, chultúrtha agus eacnamaíoch a limistéir riaracháin trí pháirt a ghlacadh i ngrúpaí oibre le páirtithe leasmhara, agus trí rannchuidiú leo, amhail comhpháirtíochtaí ceantair áitiúil agus coistí forbartha pobail áitiúil. Leanfaidh an ghné sin de BOaO ar aghaidh in 2021.

CLÁR BOAO AGUS TOSAÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA DO 2021

Na gnéithe den soláthar BOaO ar chuir Covid isteach orthu a athbhunú agus méadú de réir a chéile ar líon na dtairbhithe trí:

- Raon na gcúrsaí cianfhoghlama agus foghlama cumaiscthe a mhéadú chun bealaí rochtana, aistrithe agus dul chun cinn chuig BOaO a éascú agus na srianta Covid fós i bhfeidhm agus nuair a bheidh an tsochaí á hoscailt arís.
- Modhanna solúbtha soláthair i ngach clár chun na foghlaimeoirí siúd atá ag filleadh ar mhargadh an tsaothair a mhealladh isteach agus a choinneáil, lena n-áirítear foghlaim pháirtaimseartha, mhodúlach agus chumaisc, mar aon le cianfhoghlaim anois, a thógfaidh ar scileanna digiteacha agus tras-scileanna mar an pointe tosaigh chun tabhairt faoi uasoiliúint/athoiliúint.
- Tosaíocht a thabhairt d'athsciliú agus d'athoiliúint dóibh siúd nach raibh in ann filleadh ar an bpost a bhí acu tar éis ghéarchéim COVID-19 tríd an tionscnamh **Scileanna le Dul san Iomaíocht**.
- Tuilleadh deiseanna athscilithe agus athoiliúna a chur ar fáil do dhaoine fásta trí Bhealaí 2 agus 3 de na cláir 'Scileanna chun Dul chun Cinn a Dhéanamh' a leathnú.
- Líon na bprintíseachtaí 2016+ a mhéadú inár nIonaid Oiliúna agus ar ár gcúrsaí IAT sna cnuasaigh scileanna seo a leanas:
- Seirbhísí Airgeadais,
- Teicneolaíocht Faisnéise,
- Forbairt agus Dearadh Gréasáin,
- Timpeallacht Thógtha,
- Printíseachtaí Gairmiúla TF i gcomhar le FIT

- Raon na gcúrsaí BOaO atá modúlach, solúbtha agus dírithe ar scileanna a mhéadú trí Shainoiliúint Scileanna agus Oiliúint Tráthnóna a chur ar fáil inár nIonaid Oiliúna chun freastal ar riachtanais an mhargaidh saothair áitiúil agus réigiúnach agus ar riachtanais an gheilleagair ar an iomlán.
- Tionscnaimh nua a chur ar fáil, amhail Clár EXPLORE, d'fhonn fostaithe ón earnáil déantúsaíochta a mhealladh chun na foghlama ar feadh an tsaoil agus chun na huasoiliúna digití.
- Rannpháirtíocht comhpháirtithe agus suíomhanna oideachais pobail a choinneáil trí roghanna cianfhoghlama, roghanna foghlama cumaiscthe nó tacaíochtaí eile a leathnú
- An raon clár atá dírithe ar an nGeilleagar Glas a leathnú, lena n-áirítear uasoiliúint a chur ar mheicneoirí chun aistriú chuig feithiclí leictreacha agus hibrideacha agus ar fhostaithe san earnáil fáilteachais chun cabhrú leo a lorg carbóin a ísliú.

Tacaíochtaí Leanúnacha d'Fhoghlaimeoirí:

- Tá an Scéim um Ríomhairí Glúine a Thabhairt Amach ar Iasacht ag leanúint ar aghaidh in 2021 d'fhonn tacú le cianfhoghlaim agus le foghlaim chumaisc i ngach cuid den soláthar BOaO.

- Ionduchtú agus oiliúint i scileanna digiteacha agus tacaíocht d'fhoghlaimeoirí chun dul i mbun foghlaim ar líne agus foghlaim chumaisc de réir mar is ábhartha dá gcúrsa/dá n-ionad BOaO agus do riachtanais an chúrsa.

- Ríomhphost BOOÁCDL a thabhairt do gach foghlaimeoir BOaO, chomh maith le rochtain saor in aisce ar an Timpeallacht Foghlama Fíorúla (VLE) atá ina cuid de Microsoft Teams agus MS Office 365.

- Oiliúint agus tacaíocht leanúnach ó Mhol FCT agus Tionscadal CONNECT BOOÁCDL le cur ar chumas na bhfoghlaimeoirí Timpeallacht Foghlama Fíorúla MS Teams agus feidhmchláir eile Microsoft a úsáid as a stuaim féin.

- Tacaíocht scileanna staidéir a leathnú amach chuig printíseachtaí eile.

Nuálaíocht agus Forbairt Cúrsaí Nua:

- Lóistíocht, ábhartha do shlabhra nua soláthair na hÉireann tar éis Brexit.

- Díol ar líne - cúrsaí foghlama cumaiscthe do ghnólachtaí le cabhrú leo dul i dtaithí ar an trádáil ar líne.

- Scileanna cianoibre, lena n-áirítear deimhniúchán le City & Guilds - chun freastal ar riachtanais athraitheacha daoine aonair agus fostóirí.

- Bainistíocht ILM - "*Ceannaireacht trí Athrú".*

- Suiteáil Pointí Luchtaithe d'Fheithiclí Leictreacha - DCCÉ Leibhéal 6

- Haiceálaí Eiticiúil / Ardchleachtóir Slándála CompTIA (CASP+).
- Ceannach, soláthar agus r-thairiscint,
- Microsoft Azure.
- *"Fifty Shades of Green"* - i gcomhar le BOOCDCM, arb aidhm leis an tionscal fáilteachais agus turasóireachta a dhícharbónú.

Tá BOOÁCDL chun tosaigh san obair le cláir nua luathfhoghlama agus chúraim a fhorbairt ar leibhéil 5 agus 6 den Chreat Náisiúnta Cáilíochta, atá bunaithe ar na caighdeáin dámhachtana a forbraíodh sa chineál nua dámhachtana gairmiúla. Tá comhairliúchán le reáchtáil maidir leis an gcéad dréacht de na modúil chríochnaithe agus is iad saineolaithe ábhair ar fud na BOOnna go léir a bheidh á meas. Tá sé beartaithe na cláir a chur faoi bhráid DCCÉ lena mbailíochtú i samhradh na bliana 2021.

Beidh BOOÁCDL i gceannas ar chlár náisiúnta FGL agus oiliúna inseirbhíse maidir leis na dámhachtainí nua seo. Tosófar ar an gclár seo a chur ar fáil do na BOOnna eile i mí na Bealtaine 2021 ionas go mbeidh siad ar fad réidh leis na dámhachtainí a chur ar fáil ó Mheán Fómhair 2021 ar aghaidh.

Oiliúint Foirne agus Forbairt Ghairmiúil Leanúnach

Leanfaidh BOOÁCDL air ag cur clár struchtúrtha FGL ar fáil don fhoireann sna hábhair seo a leanas:

- Bainistíocht Ceannaireachta agus Athraithe, cúrsa arna dheimhniú ag OÉ Gaillimh.
- Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta, cúrsa arna dheimhniú ag Coláiste Náisiúnta na hÉireann.

Cuirfidh an Fhoireann Tacaíochta BOaO deiseanna eile FGL ar fáil laistigh den eagraíocht, lena n-áirítear:

- Modheolaíochtaí foghlama cumaisc in BOaO i gcás na foghlama in aimsir COVID agus na foghlama iar-COVID araon agus pobail chleachtais a fhorbairt sa chianfhoghlaim agus san fhoghlaim chumaisc.
- Oiliúint agus tacaíochtaí leanúnacha ón bhfoireann FCT/ón Mol TCT sa chianteagasc, sa chianfhoghlaim agus in úsáid Microsoft Office 365/Teams VLE.
- Inseirbhís agus oiliúint théamach in PLSS chun tacú le bailiú sonraí i gcomhair pleanáil, tuairisciú agus luacháil clár áitiúil agus réigiúnach BOaO.

Chuir Covid isteach go mór ar infhaighteacht taithí oibre d'fhoghlaimeoirí BOaO, rud a raibh tionchar aige ar gach clár agus a d'fhág nach raibh roinnt foghlaimeoirí in ann dámhachtain iomlán a bhaint amach. Tabharfar isteach measúnú oiriúnaithe chun a chinntiú go mbeidh foghlaimeoirí in ann an modúl seo a chríochnú.

Tabharfar isteach clár FGL do chleachtóirí BOaO freisin le go mbeidh siad in ann na próisis agus na nósanna imeachta measúnaithe nua seo a úsáid.

An tAthbhreithniú Tionscnaimh ar an Soláthar Dearbhaithe Cáilíochta

Tá an chéad athbhreithniú reachtúil ar sholáthar DCCÉ BOOÁCDL le déanamh faoi dheireadh mí Eanáir 2022, rud a fhágann go gcaithfear tosú ag ullmhú in 2021 le hathbhreithniú a dhéanamh ar na beartais agus na nósanna imeachta dearbhaithe cáilíochta atá i bhfeidhm ag BOOÁCDL.

Cuireann Seirbhís Forbartha Óige agus Spóirt BOOÁCDL raon leathan tacaí ar fáil lenar féidir soláthar agus comhordú a dhéanamh ar chláir, tionscadail agus seirbhísí ardchaighdeáin oideachais, spóirt, áineasa agus forbartha do dhaoine óga faoi mhíbhuntáiste. Is iad an Comhionannas, an Comhar, an Nuálaíocht, an Ghairmiúlacht agus an tIonracas ár dtreoirphrionsabail oibríochtúla maidir leis na seirbhísí a sholáthraímid. Déantar an méid sin i gcomhpháirtíocht le pobail áitiúla, grúpaí deonacha agus eagraíochtaí óige deonacha ar nós Crosscare, Foróige agus YMCA.

Tá freagracht reachtach ar BOOÁCDL tacú le soláthar, comhordú agus riar seirbhísí oibre don ógra. Leagtar an méid sin amach san Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013. Is é feidhm BOOÁCDL maidir le hobair don ógra ná:

- Tacú le soláthar, comhordú, riaradh agus measúnú seirbhísí oibre don ógra ina limistéar feidhme agus cibé faisnéis a iarrfaidh an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige i ndáil le tacaíocht den sórt sin a sholáthar; agus

- Measúnú a dhéanamh i dtaobh an amhlaidh go bhfuil an modh ar a gcomhlíonann sé a chuid feidhmeanna barainneach, éifeachtúil agus éifeachtach. (An tAcht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013)

Is éard is Obair don Ógra ann ná clár pleanáilte oideachais, arna dhearadh chun cuidiú le forbairt phearsanta agus shóisialta daoine óga agus chun cur lena bhforbairt phearsanta agus shóisialta trína rannpháirtíocht dheonach. Tá an obair don ógra dírithe go príomha ar dhaoine óga idir 10 agus 24 bliain d'aois agus baineann sí

amach raon torthaí do dhaoine óga, mar shampla, scileanna cumarsáide agus cothú muiníne agus caidrimh, trí ghníomhaíochtaí a mbíonn taitneamh, dúshlán agus foghlaim fite fuaite ina chéile iontu.

Is é Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile – Creatlach an Pholasaí Náisiúnta do Leanaí agus do Dhaoine Óga, 2014-2020 (TFTG) an chéad chreat beartais náisiúnta uileghabhálach do leanaí agus do dhaoine óga atá idir 0-24 bliain d'aois, agus is é an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige a rinne é a fhorbairt agus a stiúradh thar ceann an Rialtais.

Glacann Seirbhís Forbartha Óige agus Spóirt BOOÁCDL an fhís atá leagtha amach in Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile chuici féin, is í sin:

"Is í an fhís atá againn ná go mbeadh Éire ar cheann de na tíortha beaga is fearr le fás aníos agus le clann a thógáil agus mar a dtugtar meas ar, mar a gcosnaítear agus mar a gcomhlíontar cearta gach linbh agus gach duine óig; mar a gcluintear a nguth agus mar a dtacaítear leo lena lánphoitéinseal a bhaint amach anois is sa todhchaí." (RLGÓ, 2014a, lch. 22)

CLÁIR (SPRIOCDHÍRITHE) ATÁ Á MBAINISTIÚ GO DÍREACH AG AN TSEIRBHÍS UM FHORBAIRT SPÓIRT AGUS ÓIGE

Ina theannta sin, soláthraíonn an tSeirbhís um Fhorbairt Óige agus Spórt roinnt cláir spriocdhírithe, a bhainistítear go díreach, agus seo a leanas cuid de na príomhthosaíochtaí:

• Clár Foghlama Malartach

Is clár oideachais eatramhach é an Clár Foghlama Malartach (CFM) a d'fhorbair Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire toisc gur aithníodh nach raibh mórán deiseanna ar fáil do dhaoine óga faoi bhun 16 bliana d'aois nach bhfuil i mbun oideachas foirmiúil faoi láthair. Ritear CFM thar sheachtain trí lá i gcomhréir leis an mbliain acadúil agus bíonn sé bunaithe i mBaile Brigín, Sord, Cluain Dolcáin, Tamhlacht agus Dún Laoghaire. Is iad meascán d'Oibrithe don Ógra, arna gcur ar fáil ag Foróige agus Crosscare, agus teagascóirí BOO, a chuireann an clár CFM ar fáil. Cothaíonn CFM timpeallacht ina moltar cóimheas, spreagadh, ionchuimsiú agus freagracht phearsanta. Dearadh é chun dúshlán a chur faoi dhaoine óga agus chun iad a chumasú le héachtaí féinstiúrtha agus torthaí dearfacha. Beidh thart ar 70 duine óg páirteach sa chlár in 2021. http://www.ddletb.ie/wpcontent/uploads/2019/05/Youth-ALPRevised-Booklet-2018.pdf

• Ionaid Spórt Dhá Fheidhm

Tá na hionaid suite i mBaile Brigín, Baile Fiobail, Baile Phámar, Baile Choilín, Teach na Giúise agus Cill an Ardáin. Faightear cistiú le haghaidh na nIonad Spórt Dhá Fheidhm ó Pobal tríd an gClár Seirbhísí Pobail (CSP), ó Chomhairle Contae Átha Cliath Theas agus ó Chomhairle Contae Fhine Gall. Baineann thart ar 850,000 duine aonair leas as na hIonaid Spóirt Dhá Fheidhm gach bliain agus baineann 253 grúpa pobail agus deonach ar an meán úsáid as na saoráidí. Cinntíonn Clár na nIonad Spóirt Dhá Fheidhm go gcuirtear saoráidí agus seirbhísí spóirt ar ardchaighdeán ar fháil do dhaoine óga agus is aidhm linn na háiseanna úrscothacha seo a chur ar fáil

do scoileanna comhpháirtí dara leibhéal, scoileanna náisiúnta áitiúla agus Seirbhísí Pobail agus Óige araon. Tá i gceist leis sin samhail ghnó atá aireach go sóisialta agus a úsáideann na brabúis leis na saoráidí a rith agus a chothabháil chun go mbeidh fáil ag na glúnta atá le teacht orthu, le hoiliúint a chur ar an bhfoireann, le poist inbhuanaithe a chur ar fáil agus lena chinntiú go gcuirtear seirbhís inacmhainne ar fháil don phobal. http://www.ddletb.ie/youth/youth-andsport-development-service/facilities/

• Sportivate (i gcomhar le CCÁCT)

Comhthionscnamh is ea Sportivate Bhaile Átha Cliath Theas idir CCÁCT agus BOOÁCDL, le tacaíocht ó Spórt Éireann. Freastalaíonn an clár go príomha ar rannpháirtithe atá idir 18 agus 25 bliain d'aois agus cuireann Staidéar Spóirt agus Áineasa: DCCÉ Leibhéal 4 (Mórdhámhachtain) agus ceardlanna deimhnithe ar fáil. Foghlaimeoidh na rannpháirtithe faoi chuid mhaith de na gnéithe agus riachtanais a bhaineann le hobair san earnáil spóirt agus gheobhaidh siad na scileanna praiticiúla a bheidh ag teastáil uathu le post a fháil nó le dul ar aghaidh chuig deiseanna breisoideachais agus oiliúna. Is é aidhm fhoriomlán an chláir ná cur ar chumas an fhoghlaimeora an t-eolas, na scileanna agus an inniúlacht iomchuí a fhorbairt i raon leathan gníomhaíochtaí spóirt agus áineasa, comhthéacsanna agus timpeallachtaí ionas go mbeidís in ann obair a dhéanamh faoi mhaoirseacht dhíreach agus/nó dul ar aghaidh chuig breisoideachas agus oiliúint. http://www.ddletb.ie/sportivate-2019/

CLÁR SPÓIRT DON ÓIGE BOOÁCDL

• Ceardlanna Samhraidh

Cuirfear tús le Ceardlann Spóirt an tSamhraidh go luath i mí an Mheithimh agus beidh sí ar siúl go deireadh mhí Lúnasa. Tá sé deartha go speisialta chun freastal ar riachtanais spóirt gach grúpa atá maoinithe ag BOOÁCDL. Is féidir le gach grúpa den sórt sin, ionaid spóirt BOOÁCDL ina measc, clárú chun leas a bhaint as an tseirbhís seo. Mairfidh na ceardlanna 2-3 uair an chloig le haghaidh gach áirithinte. Cuimsítear leis na ceardlanna gníomhaíochtaí spóirt / seisiúin neartaithe foirne chun dúshláin a chur roimh dhaoine óga i spóirt agus gníomhaíochtaí éagsúla. Is bealach iontach é an soláthar spóirt chun comhtháthú sóisialta a fheabhsú sa ghrúpa, agus cuireann sé feabhas ar ghnéithe beartacha / teicniúla d'fhorbairt an duine óig. Glacfaidh thart ar 200 duine óg páirt ann.

• Sporting Pathways

Ritear an clár Sporting Pathways thar thréimhse 12 sheachtain agus é dírithe ar dhaoine óga idir 8-10 mbliana d'aois atá tar éis an scoil a fhágáil agus/nó atá ar tí an scoil a fhágáil go luath. I measc na ngníomhaíochtaí a chuirtear ar fáil tá clár aclaíochta, marcaíocht ar chapall agus bainistiú stábla agus ailleadóireacht.

• Seoltóireacht

Bíonn an clár seoltóireachta ar siúl um Cháisc agus le linn an tsamhraidh agus é dírithe ar dhaoine óga ó cheantair faoi mhíbhuntáiste nach bhfaigheadh an deis chun taithí mar sin a fháil de ghnáth. Is é BOOÁCDL a dhéanann an clár a reáchtáil i gcomhpháirtíocht le BOOCDCM. Glacfaidh thart ar 800 duine óg páirt sa chlár seoltóireachta i mbliana. Cuirtear cáilíocht "Blas Seoltóireachta" ar fáil freisin.

• Dúshlán don Aos Óg Gníomhach

Cuireadh an Dúshlán don Aos Óg Gníomhach ar fáil do bhreis is 500 duine óg i limistéar BOOÁCDL. Faoin Dúshlán don Aos Óg Gníomhach, iarrtar ar chlubanna óige / ghrúpaí / scoileanna 12 uair an chloig de ghníomhaíochtaí coirp a chur isteach in 12 sheachtain chun a bheith incháilithe do Ghradam BOOÁCDL maidir leis an Dúshlán don Aos Óg Gníomhach. Ní mór do Chomhordaitheoirí Gníomhaíochta na gníomhaíochtaí agus an tinreamh do gach seisiún gníomhaíochta a thaifeadadh sa logleabhar a chuirtear ar fáil.

• Cláir Spóirt agus Gníomhaíochta Coirp

Clár spóirt agus gníomhaíochta coirp 4-6 seachtaine a chur ar fáil do dhaoine óga atá ag freastal ar thionscadail óige, grúpaí deonacha agus cláir spriocdhírithe eile de chuid BOOÁCDL. I measc na ngníomhaíochtaí tá ciorcad aclaíochta, cispheil, uni-hoc agus sacar oiriúnaithe. Glacfaidh thart ar 30 duine óg idir 16-19 mbliana d'aois páirt sa chlár seo in 2021.

CLÁR OIBRE BOOÁCDL DON ÓGRA

• Grúpa Cailíní Mhic Uilliam

Cuireadh tús le Cailíní Mhic Uilliam i mí an Mheithimh 2018 agus tá 11 bhall baineann ann, idir 10-12 bhliain d'aois, ó eastát tithíochta Mhic Uilliam. Cuireadh an grúpa ar bun ar dtús mar aitheantas ar an easpa seirbhísí sa cheantar. Chuathas i dteagmháil leis na cailíní trí sheirbhís ógtheagmhála a chuir Oibrithe don Ógra de chuid BOOÁCDL ar fáil in eastáit tithíochta Mhic Uilliam i mí an Mheithimh 2018. Tá go leor fadhbanna cosúil le luathfhágáil na scoile, coireacht, drugaí agus idirdhealú ciníoch i gceist mórthimpeall eastát tithíochta Mhic Uilliam. Cuireann an grúpa seo áit shlán ar fáil ar féidir leis na cailíní dul ann gach seachtain chun éalú ó na fadhbanna sin.

• Conradh Sráideanna Mhic Uilliam

Cuireadh Conradh Sráideanna Mhic Uilliam ar bun chun feasach a ardú ar na seirbhísí atá ar fáil do dhaoine óga ó eastát tithíochta Mhic Uilliam. Reáchtáladh an Conradh i gcomhpháirtíocht le BOOÁCDL, Cumann Peile na hÉireann, Barnado's, Comhairle Contae Átha Cliath Theas agus na Gardaí Pobail áitiúla. Bíonn an conradh ar siúl ar feadh 6 seachtaine agus bíonn breis is 90 duine óg idir 5 agus 17 mbliana d'aois páirteach ann.

Éaluithe

Tugann Oibrithe don Ógra de chuid BOOÁCDL tacaíocht do Sheirbhís Óige Thamhlachta (Foróige) i rith mhíonna an tsamhraidh. Seo a leanas na ceantair a bhíonn san áireamh - Cill an Ardáin, Gort an tSrutháin, Fothair Chardain, Coillte Leamháin, Teach na Giúise, Coill Tobair agus an Seanbhábhún. Freastalaíonn thart ar 140 duine óg idir 10-16 bliana d'aois ó na ceantair sin ar na héaluithe.

• Clár Meantóireachta Sportivate

Buaileann Oibrithe don Ógra de chuid BOOÁCDL le rannpháirtithe Sportivate ar bhonn seachtainiúil agus tugann an deis do gach rannpháirtí aon réimsí ina bhféadfadh tacaíocht a bheith de dhíth orthu a phlé. Réimsí

cosúil le litearthacht, saincheisteanna pearsanta nó saincheisteanna a bhaineann le rannpháirtithe eile. Cuirtear cláir tacaíochta aonair i bhfeidhm. Is ar 15 dhuine óga atá gach clár dírithe.

CLÁIR A CHUIRTEAR AR FÁIL I GCOMHAR LE GNÍOMHAIREACHTAÍ EILE

UBU Do Spás Do Áit (RLGÓ)

Tá athruithe nach beag ar bun san Earnáil Óige faoi láthair. De réir chuspóir straitéiseach na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige chun ardchaighdeáin chomhlíonta a bhaint amach ó thaobh rialachais agus freagrachta de, rinneadh athbhreithniú Luach ar Airgead agus Beartais ar an gClár Maoinithe don Ógra in 2013. Ar mholadh lárnach a tháinig ón athbhreithniú sin bhí an gá le scéim shainoiriúnaithe aonair don ógra a chur in ionad na gclár éagsúil maoinithe a bhí ann cheana (SPY, YPFSF 1, 2, agus LDTF). Beadh an scéim sin dírithe ar dhaoine óga faoi mhíbhuntáiste agus bhraithfeadh ar idirghabhálacha agus seirbhísí fianaise-bhunaithe a bhainfeadh amach dea-thorthaí. Déanann UBU – Do Spás Do Áit cuíchóiriú agus láidriú ar na ceithre scéim mhaoinithe a bhí ann cheana. Tá sé mar aidhm ag an scéim nua seirbhísí a chur ar fáil le tacú le daoine óga scileanna pearsanta agus sóisialta a fhorbairt lena ndeiseanna saoil a fheabhsú. Baineann na seirbhísí seo le sláinte, oideachas, fostaíocht agus nascacht shóisialta. Cuireadh tús oifigiúil leis an scéim i mí Iúil 2020, tráth ar aistríodh gach tionscadal arna maoiniú ag an RLGÓ chuig an scéim nua. Tá Seirbhís Forbartha Óige agus Spóirt BOOÁCDL ag obair as lámha a chéile leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus leis na Seirbhísí Óige a bhfuilimid i gcomhar leo le tacú leis an aistriú chuig an scéim nua. https://ubu.gov.ie/

Crosscare

Is é Crosscare gníomhaireacht tacaíochta sóisialta Ard-Deoise Bhaile Átha Cliath. Ó 1941 tá Crosscare ag cur seirbhísí atá bunaithe ar chuir chuige nuálacha ar fáil d'fhonn dul i ngleic le riachtanais nua agus riachtanais atá ag teacht chun cinn. Tá na seirbhísí sin á gcur ar fáil faoi láthair ó bheagnach 90 suíomh ar fud Ard-Deoise Bhaile Átha Cliath. Cuireadh Cúram don Óige Chaitliceach (CÓC) ar bun sa bhliain 1944 agus é de shainchúram air freastal ar riachtanais daoine óga taobh amuigh den scoil. In 2014 tháinig Cúram don Óige Chaitliceach agus Crosscare le chéile.

Crosscare

Lion na dtionscadal Crosscare atá á bhfeidhmiú i gcomhar le BOOÁCDL de réir réigiúin:

Dún Laoghaire (14) Ráth an Dúin (8) Tamhlacht (2)

Cluain Dolcáin (16) Tuaisceart an Chontae (6)

Foróige

Lion na dtionscadal Foróige atá á bhfeidhmiú i gcomhar le BOOÁCDL de réir réigiúin:

Tamhlacht (9) Baile Bhlainséir (12) Tuaisceart an Chontae (3)

Tionscadail Neamhspleácha

I measc na dtionscadal neamhspleách tá YMCA agus réimse leathan tionscadail neamhspleácha phobail amhail Cill an Ardáin, Mullach Eadrad agus Grúpa Gníomhaíochta Taistealaithe Dheisceart Bhaile Átha Cliath.

Líon na dtionscadal neamhspleách atá á bhfeidhmiú i gcomhar le BOOÁCDL de réir réigiúin:

Dún Laoghaire (6) Tamhlacht (8) Cluain Dolcáin (6)

Baile Bhlainséir (3) Tuaisceart an Chontae (2) Ráth an Dúin (1)

Scéim Deontais do Chlubanna Óige Deonacha Áitiúla

Líon na gclubanna óige de réir réigiúin:

Dún Laoghaire (47) Ráth an Dúin (25) Tamhlacht (105)

Cluain Dolcáin (47) Baile Bhlainséir (90) Tuaisceart an Chontae (85)

RÁITEAS NA SEIRBHÍSÍ – SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA AGUS FORBARTHA EAGRAÍOCHTA

Is i gceannoifig Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire i dTamhlacht, Baile Átha Cliath 24 atá an Fhoireann um Thacaíocht agus Forbairt Eagraíochta lonnaithe go príomha, ach tá oifigí acu in Ionaid Oiliúna Bhaile Dúill agus Bhaile Uí Lachnáin chomh maith. Tacaíonn an Fhoireann TFE leis an bPríomhfheidhmeannach le raon iomlán seirbhísí a chur ar fáil ar fud na heagraíochta sna ceithre phríomhréimse feidhme: seirbhísí corparáideacha, airgeadas, acmhainní daonna agus TFC. Tá sé mar aidhm ag an Stiúrthóireacht seo na struchtúir agus na córais chuí a fhorbairt chun seirbhísí den chaighdeán is airde a bhaint amach ar fud na heagraíochta agus féachfaidh sí lena chinntiú go mbeidh fáil ar na hacmhainní iomchuí daonna, airgeadais agus bonneagair a bheidh ag teastáil chun Ráiteas Straitéise BOOÁCDL a chur i bhfeidhm go hiomlán. Tar éis fhás iontach sciobtha na scéime, rinneadh na hacmhainní ag an gCeannoifig a fheabhsú agus a athchumrú in 2020. Tá na hathruithe sin fós á gcur i bhfeidhm in 2021 agus tá athbhreithniú á dhéanamh ar chleachtais agus córais oibre ar bhonn leanúnach lena chinntiú gur féidir linn freastal ar na héilimh atá ag dul i méid. Cé go bhfuil na ceithre réimse feidhme fós ann, tá siad roinnte anois ina n-ocht n-aonad mar a leagtar amach thíos.



Tá an-chuid eolais chorparáidigh curtha ag an bhfoireann TFE ar na seirbhísí a chuirtear ar fáil, lena n-áirítear an creat reachtaíochta agus rialála ar dá réir a bhfeidhmíonn Boird Oideachais agus Oiliúna.

Oibríonn **an tAonad Foirgneamh agus Réadmhaoine agus an tAonad Foirgneamh agus Tionscadal Caipitil** le chéile le raon seirbhísí a sholáthar le tacú lenár scoileanna agus lenár n-ionaid. I measc na seirbhísí sin tá

- Foirgnimh nua a chur ar fáil
- Síntí le foirgnimh a chur ar fáil
- Cóiríocht shealadach a chur ar fáil
- Tacú le hobair cothabhála agus bainistíochta ar na háitribh atá faoi úinéireacht nó ar léas ag BOOÁCDL
- Scéim na nOibreacha Samhraidh
- Scéim na nOibreacha Éigeandála

In 2021, cuirfidh BOOÁCDL foirgneamh buan ar fáil do Scoil Speisialta Phobail Danu. Tosóimid ar an síneadh le Coláiste Pobail na Sceirí. Le cead ón Roinn Oideachais, cuirfimid tuairiscí Chéim 2B i dtoll a chéile maidir le Coláiste Pobail Leamhcáin, Gaelcholáiste Reachrann, Coláiste Pobail Bhaile Brigín agus an Tionscadal Adapt i gCluain Dolcáin.

Mar thoradh ar athruithe déimeagrafacha, tiocfaidh borradh faoi dheich n-iar-bhunscoil de chuid BOOÁCDL, rud a fhágann go mbeidh idir chóiríocht shealadach agus síntí buana de dhíth faoi cheann trí bliana.

Cuireann **an tAonad Seirbhísí Corparáideacha** seirbhísí ar fáil sna réimsí seo a leanas agus cinntíonn freisin go gcomhlíontar an reachtaíocht agus na himlitreacha roinne uile ina leith sin: -

- Cosaint Sonraí
- Saoráil Faisnéise
- Árachas
- Na Meáin agus Brandáil
- Patrúnacht agus an Próiseas Dídhílsithe
- Acht na dTeangacha Oifigiúla - Comhlíonadh agus Aistriúchán
- Rialachas Corparáideach
- Bainistíocht Beartas
- Oiliúint

In 2021, leathnóidh an tAonad Seirbhísí Corparáideacha úsáid an chórais faisnéise bainistíochta Privacy Engine, a úsáidtear i ndáil le cosaint sonraí. Úsáidfear modúl oiliúna an fheidhmchláir seo chun oiliúint a chur ar fáil maidir le gnéithe de na seirbhísí go léir a sholáthraíonn an tAonad TFE in BOOÁCDL.

An fhoireann den aonad seo a dhéanann plé le cúrsaí rialachais, leanfaidh siad orthu ag obair as lámha a chéile le gach scoil agus ionad de chuid BOOÁCDL le comhlíonadh an chóid cleachtais a fheabhsú. Leanfaidh siad orthu freisin ag cur straitéis bainistíochta riosca BOOÁCDL chun feidhme.

Cuireann an tAonad um Bhainistiú Oibríochtaí Fosaithe agus an tAonad Seirbhísí agus Caidrimh idir Fostóirí agus Fostaithe raon seirbhísí ar fáil le tacú le baill foirne agus bainisteoirí in BOOÁCDL. Bogadh an fheidhm phárolla ó BOOÁCDL go ESBS i mí Iúil 2019 agus bogadh an fhoireann a bhí ag obair san aonad párolla in BOOÁCDL chuig an Aonad Seirbhísí agus Caidrimh idir Fostóirí agus Fostaithe. Ag obair i gcomhar le chéile, tacaíonn na haonaid seo le:

- Earcaíocht
- Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána
- Bainistíocht asláithreachta
- Leithdháileadh agus úsáid foirne
- Riar párolla
- Riar pinsean
- Caidreamh foirne
- Oiliúint agus forbairt foirne

I gcomhar le BOOÉ agus faoi stiúir Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, forbróidh grúpa oibre straitéis chun oideachas lán-ionchuimsitheach a chur ar fáil don fhoghlaimeoir ar an mbealach is fearr is féidir.

Cuireann **an tAonad Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide** tacaíocht ar fáil don fhoireann agus do dhaltaí, scoláirí agus mic léinn in BOOÁCDL. In 2020, tháinig fás an-sciobtha ar a ról mar thoradh ar phaindéim COVID-19 agus bhí orthu cianfhoghlaim ar líne a chur ar fáil agus tacú léi. Oibríonn an tAonad TFC i gcomhar leis na hAonaid Foirgneamh chun an trealamh cuí a chur isteach i gcóiríocht nua agus shealadach. I measc na seirbhísí agus na dtacaíochtaí a chuireann siad ar fáil tá:

- Bonneagar a shuiteáil agus a bhainistiú
- Cuntais úsáideora a bhainistiú
- Conarthaí a bhainistiú
- Bogearraí a chur ar fáil
- Córais teileafónaíochta a shuiteáil agus a bhainistiú
- Athshlánú ó thubaiste.
- Slándáil
- Oiliúint

In 2021 leanfaidh an tAonad TFC air ag soláthar tacaíochta chun cianteagasc agus cianfhoghlaim a choinneáil agus a fhorbairt.

Déanann **an tAonad Íocaíochtaí** na híocaíochtaí uile a dhéantar thar ceann BOOÁCDL a bhainistiú agus cinntíonn freisin go gcomhlíontar an reachtaíocht agus na himlitreacha roinne uile ina leith sin. I measc na seirbhísí a chuireann siad ar fáil tá: -

- Íocaíochtaí le creidiúnaithe
- Íocaíochtaí le printísigh agus foghlaimeoirí eile
- Deontais ghníomhaireachta
- Íocaíochtaí Taistil agus Cothaithe

Leanfar ar aghaidh in 2021 leis an gcreat oibre náisiúnta um sheirbhísí comhroinnte do Bhoird Oideachais agus Oiliúna, a chlúdaíonn feidhmeanna párolla agus airgeadais. Beidh an ghné um Íocaíochtaí le Foghlaimeoirí curtha i gcrích do gach foghlaimeoir in R2. Is é fírinne an scéil go bhfuil moill ar thionscadal na seirbhísí comhroinnte airgeadais. Mar sin féin, bogfaidh BOOÁCDL chuig aon chóras airgeadais amháin i ngach scoil agus ionad in 2021, córas a bheidh ag teacht in áit an dá chóras a bhí i bhfeidhm ó aistríodh iar-Ionaid Oiliúna SOLAS chuig BOOÁCDL.

Déanann **an tAonad Cistíochta agus Soláthair** beartais, nósanna imeachta agus treoirlínte a fhorbairt chun a chinntiú go gcomhlíontar an reachtaíocht agus na himlitreacha atá i bhfeidhm. Déanann an fhoireann cistíochta san Aonad seo maoirseacht agus bainistíocht ar chuntais BOOÁCDL do gach scoil agus ionad, agus cuireann tacaíocht ar fáil i dtaca leo freisin. Oibríonn an fhoireann soláthair i gcomhar le scoileanna agus le hionaid le hearraí agus seirbhísí a sholáthar lena n-úsáid laistigh de BOOÁCDL. I measc na seirbhísí a chuireann an tAonad seo ar fáil tá: -

- Baincéireacht
- Buiséadú
- An ráiteas bliantúil airgeadais a chur i dtoll a chéile
- Éilimh ar CSTE a bhainistiú
- Iniúchtaí AE, ARCC agus AII a chomhordú
- Tuairisciú airgeadais
- Earraí agus seirbhísí a fháil de réir beartais agus nósanna imeachta soláthair
- Conarthaí a bhainistiú
- Idirchaidreamh le BOOÉ, OSR agus SSO i ndáil le creataí náisiúnta
- Oiliúint

Comhar le Patrúin Eile: De réir an Achta um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013, leanann an Fhoireann um Thacaíocht Eagraíochta dá cuid seirbhísí agus saineolais, i bhfoirm tacaíocht phraiticiúil agus chomhairleach, a chur ar fáil do chomhlachtaí patrúin eile. Leanann an Fhoireann um Thacaíocht Eagraíochta ar aghaidh ag tacú leis an eagraíocht ar an iomlán freisin, tráth a bhfuil an earnáil ag athrú agus ag fás go suntasach.

7. FÁLTAIS AGUS CAITEACHAS RÉAMH-MHEASTA 2021

FÁLTAIS AGUS CAITEACHAIS RÉAMH-MHEASTA

	An bhliain dar críoch 31/12/2021 €'000	An bhliain dar críoch 31/12/2020 €'000
FÁLTAIS		
Iar-Bhunscoileanna agus an Cheannoifig	136,314	130,006
Bunscoileanna	1,834	1,354
Breisoideachas agus Oiliúint	77,268	60,783
Seirbhísí don Óige	11,211	10,930
Gníomhaireachtaí agus Tionscadail Fhéinmhaoinithe	7,326	10,692
Caipiteal	10,032	8,524
IOMLÁN	243,985	222,289
ÍOCAÍOCHTAÍ		
Iar-Bhunscoileanna agus an Cheannoifig	130,790	122,526
Bunscoileanna	1,834	1,420
Breisoideachas agus Oiliúint	77,268	68,216
Seirbhísí don Óige	11,211	10,677
Gníomhaireachtaí agus Tionscadail Fhéinmhaoinithe	7,326	7,182
Caipiteal	10,032	10,530
IOMLÁN	238,461	220,551
Barrachas/(Easnamh) Airgid Thirim don Bhliain	5,524	1,738
Réiteach an Bharrachais/(Easnaimh) Airgid		
Pá Príomhscéime	6,575	
Neamhphá Príomhscéime	(1,051)	
	5,524	

Tabhair do d'aire: Tá toradh 2020 faoi réir iniúchadh

CAITEACHAS RÉAMH-MHEASTA – SCOILEANNA AGUS CEANNOIFIG

Íocaíochtaí Scoile agus Ceannoifige	An bhliain dar críoch 31/12/2021 €'000	An bhliain dar críoch 31/12/2020 €'000
PÁ		
Treoir	106,683	101,503
Riarachán	5,097	5,697
Cothabháil	3,668	3,561
	115,448	110,761
NEAMHPHÁ		
Treoir	1,347	1,266
Riarachán	3,502	3,291
Cothabháil	4,131	3,882
	8,980	8,439
CLÁIR GHAOLMHARA		
Ciste Tacaíochta do Sheirbhísí Scoláirí	1,793	1,124
Deontas Leabhar	508	347
Deontas DEIS agus Teagmhálaí Baile agus Scoile	225	253
An Idirbhliain	191	79
Deontas i gcomhair Trealamh Speisialta	64	61
An Ardteistiméireacht Fheidhmeach	64	24
DEONTAS LE CÚNTÓIR A FHOSTÚ IN AIMSIR COVID-19	-	69
DEONTAS TACAÍOCHTA GLANTACHÁIN COVID19	414	207
DEONTAS LE hAGHAIDH MAOIRSEACHT FHEABHSAITHE IN AIMSIR COVID19	1,315	379
DEONTAS LE hAGHAIDH DÍGHALRÁIN AGUS TCP IN AIMSIR COVID19	1,623	640
Eile (10 dtionscadal)	165	143
	6,362	3,326
	130,790	**122,526**
Íocaíochtaí le Bunscoileanna		
Deontas Caipitíochta agus Tionscanta do SNP	645	614
Deontas Seirbhíse Coimhdeacha do SNP	456	435
Deontas DEIS do SNP	115	81
Iompar Scoile CNS	70	67
DEONTAS LE CÚNTÓIR A FHOSTÚ IN AIMSIR COVID-19	-	6
DEONTAS TACAÍOCHTA GLANTACHÁIN COVID-19	162	29
DEONTAS LE hAGHAIDH DÍGHALRÁIN AGUS TCP IN AIMSIR COVID-19	262	71
Eile (6 thionscadal)	124	117
	1,834	**1,420**

CAITEACHAS RÉAMH-MHEASTA – BREISOIDEACHAS AGUS OILIÚINT

ÍOCAÍOCHTAÍ BREISOIDEACHAIS AGUS OILIÚNA	An bhliain dar críoch 31/12/2021	An bhliain dar críoch 31/12/2020
Breisoideachas	**€'000**	**€'000**
Pá IAT	14,926	11,366
Costais Oibriúcháin	11,032	10,271
Ógtheagmháil	6,448	6,717
Printíseacht	5,798	5,641
Nascfhondúireacht agus Oiliúint Scileanna	5,377	3,831
Cúrsaí Oiliúna	5,042	3,098
Soláthraithe Sainoiliúna (SSO)	4,347	4,467
SDOG	3,835	4,012
An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas	3,585	3,589
Ionaid Oiliúna Phobail	2,451	2,513
Litearthacht d'Aosaigh	1,971	2,056
Uasghrádú ar Shaoráidí Oideachais do Dhaoine Fásta agus Breisoideachais	1,683	947
Costais Oibriúcháin Bhreisoideachais	170	68
Tionscnaimh Oiliúna Áitiúla	1,441	1,493
Oideachas Pobail	1,387	1,446
Uaireanta Comhair	1,359	1,416
Scileanna le dul chun cinn a dhéanamh	775	521
Treoir d'Aosaigh	707	683
Neamhphá IAT	550	134
Cúrsaí Oíche	521	501
Ar Líne/Foghlaim Chumaisc/Leabharlann	497	494
Forchostais COVID-19 BOaO	396	348
Daltaí faoi Mhíchumas	304	72
Tacaíocht Blackspot	295	289
Scileanna Oibre	242	252
SSSF IAT	235	260
LDA IAT	231	228
Dianteagasc	205	209
Aonad Ardtacaíochta na Seirbhísí Síceolaíochta	200	210
Ceardlanna um Cheartas	196	207
Caipitíocht Fheabhsaithe IAT	116	126
Ionaid do Thaistealaithe Críonna	100	37
Fostaíocht (Soláthar ar Conradh)	95	-
Tacaíocht d'Fhoghlaimeoirí	93	96
An Clár do Dhídeanaithe Aosacha	89	100
Forbairt Ghairmiúil Leanúnach	54	45
Tionscnamh Ógtheagmhála Riachtanais Speisialta	53	67
Clár Explore (an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta)	25	21
MAEDF	135	42

Eile (12 thionscadal san iomlán)	302	343
Iomlán	**77,268**	**68,216**

AGUISÍN A – LÍON NA NDALTAÍ

1 – LÍON NA NDALTAÍ I SCOILEANNA NÁISIÚNTA POBAIL

Líon na nDaltaí i Scoileanna Náisiúnta Pobail			
Scoil	**Uimhir Rolla**	**2020/2021**	**2021/2022**
Scoil Choilm	20241K	870	880
Scoil Chormaic	20269J	521	459
Scoil Ghráinne	20247W	648	648
P.S.N. Iarthar na Cathrach agus Theach Sagard	20398U	435	456
Scoil Aoife	20422O	290	330
P.S.N. Leamhcáin	20426W	284	320
Gleann na hAbhann, Sord Theas	20528H	40	66
An Móinéar Leathan, Sord Thuaidh	20529J	12	43
An Chrannóg Nua	20136N	8	14
P.S.S. Danu	20548N	22	31
P.S.S. Bhaile Uí Dhúda	20390E	6	10
P.S.N. Thamhlachta	***19582G***	72	69
Iomlán			

Réamh-mheastacháin de réir scoile (Feabhra 2021)

Scoileanna:		Figiúirí iarbhír de réir thuairisceáin PPOD/PLSS an 30/09/20	CSTS	An tSraith Shóisearach	An tSraith Shinsearach Lena n-áirítear RLC	IB	ATF	GCAT	Réamh-mheastacháin 21/22
C.P. Bhaile Adaim	*76097U*	919		532	298	66	30		926
C.P. Ard Giolláin	*76129H*	1012		509	348	150			1007
C.P. Bhaile Brigín	*70010V*	581	415	0	151	20	25		611
C.P. Chaisleán Cnucha	*76062B*	1178		630	370	140	30	38	1208
Coláiste Chilliain	*70100W*	415		257	118	64			439
Coláiste Cois Life	*76065H*	765		341	269	123			733
Coláiste de hÍde	*70021D*	297		160	90	52			302
Coláiste Pobail Setanta	*76098W*	1040		619	145	44	10	232	1050
Coláiste Pobail Fóla	*76594L*	79		284					284
C.P. Pháirc Bhaile Choilín	*70041J*	589	231	99	68	89	48	59	594
C.P. Ráth an Deagánaigh	*70040H*	306	45	163	46	20	25	35	334
C.P. Dhomhnach Bat	*76104O*	764		423	196	115		74	808
CP Ériu	*76574F*	21		72					72
C.P. Fhine Gall	*70121H*	886		506	320	60		0	886

C.P. Theach na Giúise	*70140L*	807	72	354	232	133	17	28	836
Gaelcholáiste Reachrann	*76085N*	489		304	139	84			527
Scoileanna:		Figiúirí iarbhír de réir thuairisceáin PPOD/PLSS an 30/09/20	CSTS	An tSraith Shóisearach	An tSraith Shinsearach Lena n-áirítear RLC	IB	ATF	GCAT	Réamh-mheastacháin 21/22
C.P. na Gráinsí	*70020B*	334	62	199	38	68		48	415
Coláiste na nGlaschnoc	*70130I*	147	89		6	26	20	28	169
C.P. an Ghrífín	*76454S*	201		237	43	0	10		290
C.P. Choill an Rí	*76293U*	702		540	158	115	23	43	879
An Chiseog	*76152C*	877		504	288	96	30	0	918
C.P. Leamhcáin	*70080T*	921		500	272	130	10	18	930
Coláiste Pobail Lusca	*76213T*	730		512	128	48	27	72	787
C.P. Bhaile Lotrail	*76130P*	919		594	215	50		125	984
C.P. Mhóin Seiscinn	*7141N*	340	168	20	39	24	46	47	344
C.P. Ghleanntán na hAbhann	*70081V*	245	145	0	71		22	10	248
C.P. na Sceirí	*76078Q*	993		587	333	120			1040
C.P. Fhinnéin	*70120F*	635	43	299	140	60	48	60	650
C.P. Chaoimhín	*70042L*	376	215	0	44	65	34	32	390
Coláiste Pobail Shoird	*76475D*	366		506		56			562
C.P. Mac Dara	*70260V*	843		494	229	48		82	853

Iomlán		18777	1485	10240	4794	2066	455	1031	20071
				11725	6860				20071

III – ÁITEANNA FAOFA I GCOLÁISTÍ IAR-ARDTEISTIMÉIREACHTA

Áiteanna Faofa IAT 2020/2021

IAT		Figiúirí iarbhír de réir na Roinne an 30 Meán Fómhair 2019	Áiteanna faofa IAT ag BOOÁCDL 20/21	Réamh-mheastacháin 2020	*Figiúirí iarbhír de réir thuairisceáin PLSS an 30/09/2020*	Áiteanna faofa IAT ag BOOÁCDL 21/22	Réamh-mheastacháin 2021
Coláiste Breisoideachais Dhún Droma	*70070Q*	242	242	266	320	320	320
C.P. Pháirc Bhaile Choilín	*70041J*	54	54	54	39	54	40
C.P. Ráth an Deagánaigh	*70040H*	57	57	57	59	59	50
C.B.O. Dhún Laoghaire - CBODL	*70050K*	529	529	594	525	529	595
C.P. na Gráinsí	*70020B*	59	59	64	58	59	64
Coláiste na nGlaschnoc	*70130I*	275	275	275	199	275	199
C.B.O. an Naigín	*70090W*	464	464	464	411	462	453
Coláiste Sinsearach DL - BFEI	*70030E*	890	890	870	*890*	890	904
C.P. Ghleanntán na hAbhann - NUA	*70081V*	0	0	20	0	0	0
Coláiste Breisoideachais Stigh Lorgan	*70110C*	179	179	190	152	179	190
		2749	2749	2854	2653	2827	2815

AGUISÍN B - FOIRGNIMH

IV – TIONSCADAIL FAOIN GCLÁR TÓGÁLA SCOILEANNA

Oibríonn BOOÁCDL as lámha a chéile leis an Roinn Oideachais agus Scileanna chun foirgnimh nua scoile a chur ar fáil. Seo a leanas na tionscadail ón Liosta Mórthionscadal Tógála atá ar bun againn faoi láthair i gcomhar leis an Roinn Oideachais

31 Nollaig 2020

Stádas reatha na dtionscadal mórscála atá á seachadadh faoin gclár tógála scoile.

Na tionscadail siúd a bhfuil dath glas orthu, tháinig athrú ar a stádas le dhá mhí anuas

Uimh.	Contae	Uimhir Rolla	Ainm agus Seoladh na Scoile	Stádas Thionscadal na Scoile
86	Baile Átha Cliath	19855P	Gaelscoil Chluain Dolcáin, Cluain Dolcáin, BÁC 22	Céim 2b (Dearadh Mionsonraithe)
88	Baile Átha Cliath	19991A	Gaelscoil na Camóige, Cluain Dolcáin, Baile Átha Cliath 22	Céim 2b (Dearadh Mionsonraithe)
110	Baile Átha Cliath	70080T	CP Leamhcáin, Céide na hEascrach, Leamhcán	Céim 2b (Dearadh Mionsonraithe)
111	Baile Átha Cliath	70120F	C.P. Fhinnéin, Sord	Céim 2b (Dearadh Mionsonraithe)
112	Baile Átha Cliath	76078Q	Coláiste Pobail na Sceirí	Réamhchéim 1
113	Baile Átha Cliath	76213T	Coláiste Pobail Lusca – Céim II	Ar an láthair
114	Baile Átha Cliath	76454S	Coláiste Pobail an Ghrífín, f/ch Choláiste Pobail na Ciseoige, Leamhcán	Céim 2a (Scéim Sceitse Forbartha)
115	Baile Átha Cliath	76475D	Coláiste Pobail Shoird	Críochnaithe
123	Baile Átha Cliath	18863J	Scoil Speisialta Benincasa, an Charraig Dhubh	Céim 2b (Dearadh Mionsonraithe)
142	Baile Átha Cliath	20528H	Bunscoil Shoird Theas - SNP Ghleann na hAbhann	Osclaíodh an scoil i mí Mheán Fómhair 2019 i gcóiríocht eatramhach tionscnaimh. Próiseas Fála Láithreáin

143	Baile Átha Cliath	20529J	Bunscoil Shoird Thuaidh - SNP an Mhóinéir Leathain	Osclaíodh an scoil i mí Mheán Fómhair 2020 i gcóiríocht eatramhach tionscnaimh. Láithreán faighte.
157	Baile Átha Cliath	70010V	C.P. Bhaile Brigín	Céim 2b (Dearadh Mionsonraithe)
158	Baile Átha Cliath	70020B	CP na Gráinsí, Domhnach Míde, BÁC 13	Treoirchéim an Tionscadail

Ní dhearna.	Contae	Uimhir Rolla	Ainm agus Seoladh na Scoile	Stádas Thionscadal na Scoile
159	Baile Átha Cliath	76085N	Coláiste Lán-Ghaeilge na Gráinsí (C. Reachrann), Domhnach Míde, BÁC 13	Céim 2b (Dearadh Mionsonraithe)
163	Baile Átha Cliath	76574F	Baile Bhlainséir BÁC15 agus Sráidbhaile Bhaile Bhlainséir BÁC15 (réiteach réigiúnach) Iar-Bhunscoil - Coláiste Pobail Ériu	Osclaíodh an scoil i mí Mheán Fómhair 2020 i gcóiríocht eatramhach tionscnaimh. Próiseas Fála Láithreáin
165	Baile Átha Cliath	76594L	Iarthar na Cathrach agus Teach Sagard (réiteach réigiúnach) Iar-Bhunscoil	Osclaíodh an scoil i mí Mheán Fómhair 2020 i gcóiríocht eatramhach tionscnaimh. Láithreán faighte. Céim 2b (Dearadh Mionsonraithe)

V - SCÉIM CÓIRÍOCHTA BREISE NA ROINNE IN BOOÁCDL

Oibríonn BOOÁCDL as lámha a chéile leis an Roinn Oideachais agus Scileanna chun cóiríocht bhreise a chur ar fáil i bhfoirgnimh scoile. Seo a leanas na tionscadail atá ar bun againn faoi láthair i gcomhar leis an Roinn faoi Scéim Cóiríochta Breise na Roinne Oideachais agus Scileanna.

Uimhir Rolla	Scoil	Cóiríocht Iomlán	Stádas an Tionscadail
16353W	Scoil Bhríde do Chailíní	8 Seomra Ranga Príomhshrutha 80m2, Athsholáthar 2 fhoirgneamh réamhdhéanta 80m2 3 sheomra ranga príomhshrutha 15m2, seomraí SET agus seomraí cúntacha de réir an sceidil faoi iamh (achar iomlán, ballaí agus limistéir chúrsaíochta san áireamh, 1,241.6m2)	CÉIM AN DEARTHA
18863J	Scoil Speisialta Benincasa, Ascaill Mhuirfean, An Charraig Dhubh	Athchóiriú agus Síneadh	CÉIM AN DEARTHA
20381D	Scoil an Dorais Dheirg, Baile na Manach	5 Sheomra Ranga Príomhshrutha, Leithris Ensuite, Seomra Ilchéadfach, 3 Áit Bheaga Shábháilte, Stóráil, Seomra Foirne agus Seomra Oifige/Riaracháin	AR AN LÁTHAIR
20503O	SN 'Ag Foghlaim le Chéile' Dhún Laoghaire	Oibreacha athchóirithe	AR AN LÁTHAIR
20548N	Scoil Speisialta Phobail Danu, Baile Átha Cliath 24	Athchóiriú	AR AN LÁTHAIR
70042L	CP Chaoimhín, Cluain Dolcáin, BÁC22	3 sheomra ranga ginearálta 58.6m2 (Athsholáthar Foirgnimh Réamhdhéanta) agus 2 sheomra ranga RSO agus chúnta (achar iomlán, ballaí agus limistéir chúrsaíochta san áireamh, 771.8m2)	CÉIM AN DEARTHA
76078Q	Coláiste Pobail na Sceirí	3 sheomra ranga ghinearálta 58.6m2, 3 sheomra RSO 15m2, 1 saotharlann eolaíochta 88.6m2, 1 Limistéar Ullmhúcháin Eolaíochta 38.5m2, 1 Seomra Ealaíne 118.6m2, 1 Seomra Stórais 38.5m2 agus Seomra Cúnta.	FAOFA
76078Q	Coláiste Pobail na Sceirí	Balcóin a thiontú ina seomra eolaíochta	FAOFA

		8 seomra ranga príomhshrutha 58m2, 2 sheomra RSO 58m2, 4 sheomra 10m2, 1x61m2	
76454D	Coláiste Pobail an Ghrífín, Leamhcán	5 Sheomra Ranga Ghinearálta agus Cóiríocht Bhreise	AR AN LÁTHAIR

Arna fhaomhadh ag cruinniú den Choiste Airgeadais: 19 Feabhra 2021
Arna fhaomhadh ag cruinniú de Bhord an BOO: 23 Feabhra 2021